

# Soláthar Múinteoirí do na Bunscoileanna lán-Ghaeilge

Bunachar Sonraí agus Tuairimí  
Príomhoidí i leith Gnéithe den Staid  
Reatha sa Ghaelscolaíocht

Tuairisc ullmhaithe don  
Chomhairle um  
Oideachas Gaeltachta &  
Gaelscolaíochta






Caoimhe Máirtín

MEÁN FÓMHAIR 2006

[www.cogg.ie](http://www.cogg.ie)

An Chomhairle um Oideachas  
Gaeltachta & Gaelscolaíochta





## Clár

1.	Cúlra Cuspóir agus Cur Chuige na hOibre	I
2.	Forbhreathnú Mórfhictiúr den Staid Reatha sna Gaelscoileanna	4
3.	Pátrúin Earcaíochta agus Imeachta Léargas Staitistiúil ar Sholáthar na Múinteoirí	IO
4.	Léargas Breise Dearcadh na bPríomhoidí	I7
5.	Coimriú Staitistiúil Príomhthorthaí, Conclúid agus Moltaí	24
6.	Aguisíní Aguisín 1 Cóip den chéad litir a cuireadh chuig Príomhoidí Aguisín 2 Cóip den Cheistneoir a dáileadh ar Phríomhoidí Aguisín 3 Liosta na scoileanna a chuir ceistneoir ar ais	3I 32 40
7.	Tagairtí	4I
8.	Summary	42

## Caibidil

## I

## Réamhrá Cuspóir agus Cur Chuige na hOibre

Bunaíodh an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta chun sainstruchtúr a sholáthar a thacódh le riachtanais oideachais na scoileanna Gaeltachta agus na scoileanna lán-Ghaeilge. Tá trí réimsí oibre ar an gComhairle– (i) soláthar acmhainní teagaisc; (ii) seirbhísí taca; (iii) taighde a dhéanamh<sup>1</sup>. Tá an tuairisc seo ag díriú go príomha ar an tríú réimse – an taighde, ach ar ndóigh freagraíonn an taighde de réir mar a oireann don dá réimse eile.

<sup>1</sup> An t-Acht Oideachais (1998), Alt 31

<sup>2</sup> *Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta 2004*, Tuarascáil don Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

Rinne An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta mórthaighde **Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta 2004** agus foilsíodh torthaí na tuarascála i Mí Bealtaine 2005<sup>2</sup>. Chuidigh na torthaí a aimsíodh bunús eolaíoch a chur le tuairimíocht a bhí ar fáil go forleathan faoi staid na scolaíochta sna Gaeltachtaí. Ceann de na nithe a d'eascair ón taighde ná na deacrachtaí móra a bhí ag bunscoileanna agus ag iar-bhunscoileanna na Gaeltachta teacht ar mhúinteoirí cáilithe chun na folúntais a bhíonn acu a líonadh. Bhí trí dheacracht faoi leith le sonrú ó scoileanna na Gaeltachta:

Gan dóthain múinteoirí oilte a bheith ar fáil a bhfuil spéis acu obair sa Ghaeltacht

Gan dóthain múinteoirí a bheith ar fáil a bhfuil a gcumas Gaeilge sách maith le dul ag múineadh trí Ghaeilge sa Ghaeltacht

Gan ullmhúchán mar is gá do mhúineadh trí Ghaeilge sa Ghaeltacht a bheith ar fáil i gcúrsaí réamhoiliúna múinteoireachta

(Mac Donncha et al, 2005:137)

Tuigeadh géarchéim a bheith freisin in earnáil na Gaelscolaíochta maidir le soláthar múinteoirí, agus braitheadh gur ghá eolas cruinn a bhailiú ionas go bhféadfadh an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta dul i ngleic leis an bhfadhb. Dá réir sin bhí sé mar thasc don obair seo tuairisc staitistiúil a sholáthar ar líon na múinteoirí neamhcháilithe a bhí ag feidhmiú sna Gaelscoileanna, agus ar na patrúin earcaíochta maidir le fáil a bheith ar phríomhoidí agus ar mhúinteoirí lánoilte do Ghaelscoileanna. Bhí an tasc, mar a cuireadh síos air, i bhfad níos beaichte ná na cuspóirí a bhain le tuairisc na Gaeltachta.

Is é an príomhchuspóir a bhaineann leis an taighde ná eolas a sholáthar a chuideoidh le stiúir a chur faoin ngné ar leith sin den Ghaelscolaíocht a bhaineann le múinteoirí oilte a bheith ar fáil a bhfuil an cháilíocht, an spéis agus an cumas teanga acu obair sna Gaelscoileanna. Tarlaíonn sé, áfach, gur éirigh leis an taighde léargas a thabhairt ar na trí dheacracht a luadh leis na scoileanna Gaeltachta, mar atá liostáilte thuas.

### 1.1. Cur chuige agus modheolaíocht

125 Gaelscoil atá ag feidhmiú faoi láthair i nDeisceart na hÉireann agus is ar na scoileanna seo a bunaíodh an taighde. Ullmhaíodh ceistneoir do phríomhoidí na nGaelscoileanna agus dáileadh an ceistneoir sin i Mí Feabhra 2006 ar gach ceann de na scoileanna. Cuireadh litir mhíniúcháin chuig gach príomhoide mar aon le dhá litir breise ina dhiaidh sin, agus roinnt ríomhphost ag meabhrú dóibh siúd, nach raibh an ceistneoir líonta acu, é a chur ar ais<sup>3</sup>. Úsáideadh uimhir rolla na scoileanna mar phointe aitheantais chun teacht orthu siúd nach raibh na ceistneoirí curtha ar ais acu. Níor chóir go mbeadh aon léiriú sa tuairisc a nochtann aitheantas aon scoile ar leith.

<sup>3</sup> Cóip den chéad litir a cuireadh chuig príomhoidí ar fáil in Aguisín 1 den tuarascáil seo

Ní dheachthas thar réimse an cheistneora ná thar fhoinsé eolais na bpríomhoidí sa taighde seo. Ba leor – sa limistéar eolais a bhí le bailiú – na foinsí tagartha agus bunachar sonraí na scoile a bhí ag na príomhoidí. Níl eolas ná dearcadh faighte ó mhúinteoirí na nGaelscoileanna maidir leis na dúshláin a bhraitheann siad féin. Níl eolas bailithe ó na coláistí oideachais ná ó mhic léinn na gcoláistí oideachais. Dá mbeadh sé i gceist leathnú a dhéanamh ar an obair seo, lasmuigh den bhunús staitistiúil a bhí á lorg, b'fhiú na foinsí tagartha breise seo a chur san áireamh.

Roghnaíodh - i gcur le chéile na tuairisce - an t-iomlán a chuideodh le cur síos a dhéanamh ar staid reatha mhúinteoirí na nGaelscoileanna. I gCaibidil 2 tá forbhreathnú léirithe ar na patrúin staitistiúla. I gCaibidil 3 déantar an saineolas ar phátrúin agus ar dhúshláin na hearcaíochta a rianadh. Déanann Caibidil 4 scáth-phictiúr a tharraingt ar dhearcadh na bpríomhoidí faoi ghnóthaí a bhaineann le croí na hoibre. I gCaibidil 5 tá na príomhthorthaí agus na moltaí ann a eascraíonn ón obair.

### 1.2. Nodanna breise i leith an eolais sa tuairisc

Maidir leis na torthaí atá léirithe sa tuairisc a leanann, tá na staitisticí bunaithe ar an aiseolas a tháinig ó phríomhoidí trí cheistneoirí a dáileadh orthu. 125 scoil a fuair cuireadh an suirbhé a líonadh isteach agus tháinig ceistneoirí líonta ar ais ó 106 scoil (85% den iomlán). Tá an t-eolas mar iomlán, agus na smaointe a léirítear, bunaithe ar bhunachar sonraí agus ar thuairimí na bpríomhoidí san 106 scoil a bhí páirteach san obair.

I dTábla 2.1. (leathanach 9) baineadh úsáid as an eolas a bhí ar fáil i dtuairisc na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta ar staid reatha na Scoileanna Gaeltachta chun na figiúirí ar na scoileanna Gaeltachta a sholáthar. Baineadh úsáid freisin sa tábla seo as figiúirí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta chun an líon dála sna 18 scoil nach raibh eolas ar fáil dóibh a sholáthar. Ní raibh fáil cruinn ar líon na múinteoirí sna scoileanna seo, agus dá bhrí sin níl comhaireamh i líon na múinteoirí mar iomlán ach iomlán na múinteoirí atá sa 106 scoil a d'fhreagair an ceistneoir.

Anois is arís sna freagraí a tháinig ar ais ní raibh an t-eolas staitistiúil a thug príomhoidí do ghnéithe éagsúla sa suirbhé ag réiteach go hiomlán lena chéile. Sna cásanna seo – má bhí éiginnteacht i gceist – cuireadh isteach an figiúr ba mhó a bhí ag réiteach leis an tuiscint iomlán a bhí ag teacht ón aischothú a thug an príomhoide. I líon an-bheag cásanna freisin, nuair a bhí réimse na smaointe atá pléite i gCaibidil 4 á chur le chéile, má tharla go raibh ceist fágtha ar lár gan aon fhreagra ón bpríomhoide cuireadh isteach an freagra faoin réimse tuairime 'nílim cinnte'. Seachas na mionathruithe (nach gcruithíodh aon athrú ar iomlán na hoibre) tá an tuairisc ag freagairt go díreach don eolas a cuireadh ar fáil.

Toisc nach bhfuil ach 18 scoil nach bhfuil bunachar sonraí ar fáil dóibh, b'fhiú, b'fhéidir, teagmháil breise ar bhonn pearsanta a dhéanamh leis na scoileanna seo chun an t-eolas a bhailiú uathu. I ngeall ar an toradh an-ard (85%) de fhreagraí atá tagtha cheana féin ba dheas an iarracht bheag eile chun iomlánú a dhéanamh ar bhunachar sonraí na nGaelscoileanna. Má bhíonn a leithéid le déanamh moltar é a dhéanamh go han-luath sa scoilbhliain nua ionas gur féidir an t-eolas a bhailiú bunaithe ar an scoilbhliain 2005-2006.

Cé go bhfuiltear ag súil nach bhfuil aon bhearna eolais ann, ná aon mhíchruinneas eolais le sonrú, i léamh na tuairisce, má bhíonn a leithéid in aon chuid den tuairisc a leanann, beidh fáil ar an amhábhair mar chuidiú le ceartú nó soiléiriú breise a chur ar fáil.

Sa choimriú agus sna moltaí a luaitear i gCaibidil 5 léirítear réimse moltaí a eascraíonn ón eolas a cuireadh ar fáil. D'fhéadfaí, ar ndóigh, cur leis na moltaí seo, ach is é bunús an liosta atá rianta ná go dtabharfaí treoir maidir leis an tús-phointe tacaíochta chun feabhas gan mhoill a chur ar sholáthar na múinteoirí do na Gaelscoileanna.

## Forbhreathnú Mórfhictiúr den staid realtha sna Gaelscoileanna

Tá fás as cuimse tagtha ar an nGaelscolaíocht in Éirinn le scór bliain anuas agus tá comhthéacs nua sochtheangeolaíochta agus débhéascna cruthaithe mar thoradh air seo. Tá sé seo ag tarlú taobh le taobh le pátrúin nua eile sa chomhthéacs teangeolaíochta agus scoile. Ina measc seo tá an t-ilchultúrachas, an fhéiniúlacht nua atá ag eascairt, an t-ídiú ar lánachas na Gaeilge i scoileanna na Gaeltachta, agus athruithe i bpátrúin earcaíochta agus ullmhaithe múinteoirí don bhunoideachas. Éilíonn seo go mbeadh múinteoirí cáilithe do na dúshlán oideachasúla agus teanga sna réimsí scoileanna ina bhfóstaítear iad. I measc na gcineálacha scoileanna, tá scoileanna Gaeltachta ann le héagsúlachtaí i bpátrúin úsáide agus ábaltachta sa Ghaeilge, agus tá scoileanna ann ina bhfuil an Ghaeilge mar ábhar foghlama go príomha seachas mar mheán teagaisc.

Tá Gaelscoileanna ann freisin atá suite lasmuigh den Ghaeltacht i dtimpeallacht shochtheangeolaíochta an Bhéarla go príomha, le mionteangacha nua mar mháthairtheanga ag mionlach beag de pháistí, le Gaeilge mar mháthairtheanga ag roinnt páistí eile, agus le meascán de Ghaeilge agus Bhéarla ag páistí eile arís. Freastalaíonn na páistí seo ar Ghaelscoileanna áit a mbíonn an Ghaeilge mar theanga chumarsáide agus theagaisc na scoile. Mar chastacht bhreise, ar ndóigh, tá na héagsúlachtaí ann i measc mhúinteoirí na scoileanna maidir leis an gcúlra teangeolaíochta óna dtagann siad féin, agus an taithí scoile a bhí acu le Gaeilge nuair a d'fhreastail siad ar an mbunscoil agus ar an meánscoil.


### 2.1. Aois bhunaithe, áit bhunaithe, agus méid na scoileanna

Is ar na bunscoileanna lán-Ghaeilge – 125 san iomlán agus ceann ar a laghad i ngach ceann den 26 contae - atá an t-eolas, a leanann, bunaithe. Tugadh cuireadh do gach bunscoil lán-Ghaeilge eolas a chur ar fáil trí mheán an tsuirbhé agus ghlac 106 scoil (85% den iomlán) páirt san obair.

Gach cineál agus réimse scoile atá i gceist leis na bunscoileanna lán-Ghaeilge – scoileanna beaga aon oide mar aon le scoileanna ina bhfuil suas le 18 múinteoirí fostaithe, scoileanna tuaithe agus scoileanna cathrach, scoileanna a thiteann faoi phátrúnacht deoiseach agus scoileanna eile a thiteann faoin bhForás Patrúnachta. I Léaráid 1.1. tá leagan amach ar aois bhunaithe na scoileanna, rud a léiríonn gur bunaíodh 38% acu le deich mbliana anuas agus gur bunaíodh díreach os cionn leath acu – 55 scoil – ó 1990 ar aghaidh. Pátrún é seo atá thar a bheith éagsúil ó na bunscoileanna i gcoitinne, agus pátrún a thugann míniú áirithe ar an bhfigiúir a léiríonn go bhfuil 45 scoil (43%) as an 106 nach bhfuil suíomh seasta scoile acu go fóill. Is cúis imní an uimhir mhór seo, agus rud a thabharfadh le fios go mb'fhéidir go bhfuil an fás – cé gur maith ann dó i gcoitinne – ag ráta nach dtacaíonn tríd is tríd le céimniú córasach in earcú agus i mbainistiú foirne don earnáil Ghaelscolaíochta.


## Léaráid 2.1

An bhliain inar bunaíodh na scoileanna



Maidir le líon na múinteoirí i ngach scoil, tá an ceathrú cuid de na scoileanna a bhfuil sé mhúinteoir nó níos lú ag obair iontu (príomhoide san áireamh), agus an ceathrú cuid eile a bhfuil idir trí mhúinteoir déag agus ocht mhúinteoir déag fostaithe iontu. Titeann an farasbarr sa réimse idir seacht agus dhá mhúinteoir déag, mar atá le feiceáil i Léaráid 2.2. thíos.

## Léaráid 2.2



Tugann Tábla 2.1 ar leathanach 7 na mionsonraí ar an 106 gaelscoil atá clúdaithe sa suirbhé seo. Mar aon leis an eolas atá curtha ar fáil faoin líon scoileanna agus daltaí sna Gaelscoileanna, tá an t-eolas breise i leith scoileanna na nGaeltachtaí curtha ar fáil anseo chomh maith<sup>4</sup>. I measc na sonraí spéisiúla a eascraíonn tá na nithe seo a leanas:

Tá os cionn 33,000 dalta ag fáil a n-oideachais trí Ghaeilge – Gaelscolaíocht agus scoileanna Gaeltachta san áireamh - sin 7.5% d'iomlán na ndaltaí bunscoile. Figiúir níos suntasaí ná go bhfuil 71% de na daltaí bunscoile a bhfuil an Ghaeilge mar mheán teagaisc agus foghlama acu ag freastal ar Ghaelscoileanna, na 29% eile sna bunscoileanna Gaeltachta.

As an 106 scoil a chuir eolas ar fáil tá 1012 mhúinteoir (príomhoidí san áireamh) fostaithe iontu. Tá cúntóirí do riachtanais speisialta iontu freisin, agus gá acu uile le cumas tuisceana agus labhartha sa Ghaeilge. Tá cúntóirí scoile eile ar nós rúnaithe agus feighlithe i roinnt scoileanna.

<sup>4</sup> Fuarthas an t-eolas ar na scoileanna Gaeltachta i dtuairisc na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, *Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta 2004*



Nuair a chuirtear san áireamh na Gaelscoileanna agus na scoileanna Gaeltachta mar iomlán do gach contae léirítear go bhfuil níos mó múinteoirí agus daltaí sa chóras bunscolaíochta Gaeltachta/lán-Ghaeilge i mBaile Átha Cliath ná in aon chontae eile, contaetha na Gaeltachta san áireamh.

Is i nGaillimh, i Maigh Eo agus i nDún na nGall amháin atá níos mó daltaí ag freastal ar scoileanna Gaeltachta ná ar scoileanna lán-Ghaeilge sa chontae. I gCiarraí is beag de dhifríocht idir líon na ndaltaí i nGaelscoileanna sa chontae agus pobal bunscóile na Gaeltachta. I gCorcaigh, i gContae na Mí agus i gContae Phort Láirge tá an líon daltaí, atá ag freastal anois ar Ghaelscoileanna, níos airde ná líon a gcomhpháirtithe sna Gaeltachtaí. Glactar leis go leanann an cineál céanna patrúin maidir le líon na múinteoirí atá de dhíth don Ghaelscolaíocht agus do na scoileanna Gaeltachta sna contaetha seo.

Is é an meánuimhir atá cláraithe sna Gaelscoileanna trí chéile ná 181 dalta mar mheán iomlán scoile. Ar ndóigh, tá na scoileanna nuabhunaithe an-bheag. Tá i bhfad níos mó 'príomhoidí riarachán' sna Gaelscoileanna .i. príomhoidí nach mbíonn cúraimí ranga orthu, ná mar atá sna scoileanna trí chéile.

Is léir ó na patrúin i bhfás na nGaelscoileanna go bhfuil gá anois le múinteoirí i ngach taobh tíre a bhfuil cumas maith Gaeilge acu mar aon le tuiscint agus oiliúint ar an nGaelscolaíocht. Tá, mar shampla, 29 scoil i gCúige Laighean – lasmuigh de na 29 atá luaite cheana féin le Baile Átha Cliath. Níl aon phobal Gaeltachta lasmuigh de Rath Cairn i gCúige Laighean, agus tá scoileanna ag brath ar mhúinteoirí ar mian leo ní hamháin Gaelscoil a roghnú, ach an ceantar scoile ina bhfuil an scoil a roghnú freisin. Tá 43 Gaelscoil i gCúige Mumhan, lasmuigh de na Gaeltachtaí, agus 24 bunscóil Ghaeltachta i gCúige Mumhan freisin. Leanann patrún forbartha na Gaelscolaíochta sa chuid eile den tír. Tá an fás ag pointe anois nach trí thimpiste a tharlóidh sé go mbeidh fáil ar mhúinteoirí. Ní mór pleanáil dó seo ar bhealaí éagsúla – mar stráitéis agus mar pholasaí náisiúnta, agus mar phlean forbartha sna colaistí oideachais. In éagmais na pleanála, is go fánach – agus de thaisme – a éireoidh le scoileanna múinteoirí oilte ar ardchumas Gaeilge a fhostú.

**Tábla 2.1**

Scoileanna, múinteoirí agus daltaí sna Gaelscoileanna agus sna scoileanna Gaeltachta

CONTAE	Líon Scoileanna Gaeltachta	Líon Bunscoileanna Lán-Ghaeilge	SLG a d'fhreagair an suirbhé	Líon Múinteoirí sna SLG ▲	Líon Daltaí sna SLG	Dáltaí Gaeltachta (03-04) ▼	Iomlán na nDáltaí (SLG /Gael) ◆	Céatadán d'Iomlán na nDáltaí
Baile Átha Cliath		29	26 (90%)	278 (-3)	6024		6024	18.1%
Ceatharlach		1	0 (0%)	(-1)	462		462	1.4%
Cill Dara		6	6 (100%)	71	1467		1467	4.4%
Cill Chainnigh		1	1 (100%)	10	172		172	0.5%
Cill Mhantáin		4	3 (75%)	29 (-1)	806		806	2.4%
Iarmhí		2	1 (50%)	14 (-1)	480		480	1.5%
Laois		3	2 (66%)	3 (-1)	172		172	0.5%
Loch Garman		3	2 (66%)	15 (-1)	421		421	1.3%
Longfort		1	1 (100%)	9	181		181	0.5%
Lú		2	2 (100%)	23	412		412	1.2%
An Mhí	4	5	3 (60%)	36 (-2)	947	402	1349	4.1%
Uíbh Fháilí		1	1 (100%)	10	201		201	0.6%
Gaillimh	46	8	6 (75%)	59 (-2)	2128	3766	5894	17.7%
Liatroim		1	1 (100%)	3	65		65	0.2%
Maigh Eo	27	4	4 (100%)	32	647	1157	1804	5.4%
Roscomáin		1	0 (0%)	(-1)	70		70	0.2%
Sligeach		1	1 (100%)	9	166		166	0.5%
Cábhán		1	1 (100%)	6	86		86	0.3%
Dún na nGall	42	5	5 (100%)	31	620	2810	3430	10.3%
Muineachán		3	3 (100%)	20	377		377	1.2%
Ciaraí	14	4	3 (75%)	31 (-1)	775	824	1599	4.8%
Clár		4	3 (75%)	19 (-1)	373		373	1.1%
Corcaigh	7	20	18 (90%)	190 (-2)	3880	402	4282	12.7%
Luimneach		6	5 (83%)	43 (-1)	1260		1260	3.8%
Port Láirge	3	4	3 (75%)	28 (-1)	704	195	899	2.7%
Tiobrad Árann		5	5 (100%)	43	808		808	2.4%
<b>IOMLÁN</b>	<b>143</b>	<b>125</b>	<b>106 (85%)</b>	<b>1012 (-19)</b>	<b>23704</b>	<b>9556</b>	<b>33264</b>	

- ▲ I luibíní sa cholún seo léirítear líon na scoileanna nár fhreagair an ceistneoir – tá líon na múinteoirí do na scoileanna seo in easnamh
- ◆ Nuair nach raibh fáil ó scoileanna ar an eolas glacadh leis na staisticí a bhí ar shuíomh idirlín na Roinne Oideachais agus Eolaíochta
- ▼ Tá an t-eolas ar líon na ndaltaí sna scoileanna Gaeltachta bunaithe ar Thuarascáil COGG ar **Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta**

## 2.2 Proifíl na múinteoirí

Is ar an 85% (106) scoileanna a d'fhreagair an suirbhé atá proifíl mhúinteoirí na nGaelscoileanna bunaithe. 1012 múinteoir atá fostaithe sna scoileanna seo, príomhoidí san áireamh. Orthu seo tá 189 fear ann – 18.7% den iomlán. Tá an coibhneas idir fhir agus mhná sna Gaelscoileanna ar aon dul nach mór leis an bpátrún sa bhunoideachas trí chéile.

**Tábla 2.2**

An coibhneas idir fhir agus mhná atá fostaithe sna Gaelscoileanna

Scoileanna	Múinteoirí	Fir	Mná	Daltaí
106	1012	189 (18.7%)	823(81.3%)	19156

As an iomlán tá 33 múinteoir neamhcháilithe fostaithe go lánaimseartha sna scoileanna<sup>5</sup>, agus tá ceithre fholúntas ann nár líonadh in aon chor i gcaitheamh na scoilbhliana 2005-2006. Ciallaíonn seo go bhfuil 3.7% de na ranganna gan múinteoir oilte, rud a léiríonn nach leor na múinteoirí cáilithe atá ar fáil. Tá 29 múinteoir eile (2.9%) ann freisin a liostáladh le 'cailíocht de chineál eile' agus nár luadh a bheith cáilithe faoi aon cheann de na córais éagsúla cáilíochta. Is deacair a dheimhniú go bhfuil na daoine seo lánóilte agus níor mhór eolas breise

<sup>5</sup> Bhí roinnt príomhoidí a thug figiúirí éagsúla ar an gceist seo in dhá chuid den suirbhé. Glacadh sna cásanna seo leis an uimhir is mó a réitigh leis an suirbhé ina iomláine


a bheith ar fáil ach, maidir leo siúd a raibh an t-eolas ar fáil, ba léir go raibh siad cáilithe mar mheánmhúinteoirí nó a leithéid agus nach raibh aitheantas bunmhúinteoireacta acu. Ciallaíonn seo go bhféadfadh uasmhéid de 6.6% de na múinteoirí sna Gaelscoileanna a bheith neamhcháilithe. Níl sé seo – ná fiú an íosmhéid de 3.7% – sásúil ar aon bhealach. Is measa go mór an scéal nuair a dhéantar iniúchadh níos géire ar thuairim na bpríomhoidí maidir le múinteoirí láncháilithe ar bheagán Gaeilge atá roghnaithe acu toisc nach raibh an dara rogha acu<sup>6</sup>. Léirigh a lán príomhoidí a mbuairt i ngeall ar an líon beag iarrathóirí a chuir isteach ar roinnt post, agus an brú a chuir sé seo orthu roghnú idir múinteoir neamhcháilithe le Gaeilge agus múinteoir cáilithe ar bheagán Gaeilge.

<sup>6</sup> Féach Caibidil 4, lth. 22, Léaráidí 4.12, 4.13, lth. 23, Léaráid 4.14.

### 2.3. Na coláistí oideachais ónar tháinig múinteoirí na nGaelscoileanna

Rud eile a fiosraíodh sa suirbhé ná na coláistí oideachais – nó na háiteanna eile – as ar tháinig na múinteoirí a roghnaigh ina dhiaidh sin dul ag obair i nGaelscoil. Tá difríocht ann idir an uimhir chruinn mar a léirítear é i Léaráid 2.3 agus an tionchar a bhíonn ag na coláistí oideachais ar mhúinteoirí a sholáthar don Ghaelscolaíocht. Nuair a ghlactar leis na cúig choláiste sa Deisceart atá ag oiliúint múinteoirí le deich mbliana anuas ar bhonn rialta, caithfear freisin na hamhuimhreacha thíos a léiriú mar choibhneas ar an líon mac léinn san iomlán a cháilítear don mhúinteoireacht gach bliain. Tá athruithe freisin tagtha ar na figiúir seo le roinnt blianta anuas idir 500-600 múinteoirí a cháilítear gach bliain i gColáiste Phádraig agus i gColáiste Mhuire gan Smál Luimneach, 150 i gColáiste Mhuire Marino, 100 sa Choláiste Froebel, agus 25-30 i gColáiste Eaglais na hÉireann. Ar an scála coibhneasta is é Coláiste Mhuire Marino is fearr a chruthaigh le scór 9.1, agus Coláiste Mhuire gan Smál ina dhiaidh sin le scór 7.1. Bhí tionchar níos lú ag Coláiste Phádraig ná an Coláiste Froebel agus scóranna 5.1 agus 4.6 faoi seach acu.

Léaráid 2.3




## 2.4. Proifíl na bPríomhoidí

Rinneadh iniúchadh breise ar phroifíl na bPríomhoidí. Bhí 12.6 bliain múinteoireachta mar mheántaithí acu sular ceapadh mar phríomhoidí iad. Is é an gnáthriail ná go mbeadh ar a laghad cúig bliana taithí ag múinteoir sula gceapfaí é/í mar phríomhoide<sup>7</sup>. Ábhar iontais a léirigh an suirbhé seo ná go bhfuil 19% de phríomhoidí na nGaelscoileanna nach raibh taithí cúig bliana scoile acu sular ceapadh iad. Ceapadh duine amháin go sealadach agus gan cáilíocht múinteoireachta aige, agus ceapadh beirt eile an bhliain a cháiligh siad i gColáiste Phádraig. Tá 13 phríomhoide eile ann nach raibh cáilithe ach le trí bliana nó níos lú. Tá gach cosúlacht ar an scéal go bhfuil an pátrún seo an-éagsúil ó phatrún na nGnáthscoileanna. Is ábhar imní a leithéid, go háirithe leis na dúshláin bhreise teanga, mar aon le dúshláin forbartha a bhaineann le mórchuid de na Gaelscoileanna.

Is as an nGaeltacht do 30 duine de na príomhoidí, agus ó chúltra na Gaelscolaíochta do 21 príomhoide eile. Cúlra na 'gnáthscolaíochta' atá ag an 55 príomhoide eile. Tá an patrún seo ag teacht le pátrún mhúinteoirí na nGaelscoileanna i gcoitinne.

**Léaráid 2.4**  
An cineál scoile ar ar fhreastail príomhoidí na nGaelscoileanna



Ní leanann an gnáthchoibhneas sa chúltra oiliúna a léirítear do na príomhoidí, ach tá míniú de chineál eile air seo, nach mbaineann leis an nGaelscolaíocht. Tá, mar shampla, níos mó fear mar phríomhoidí sna bunscoileanna i gcoitinne ná mar a leanann de réir an méid fear sa mhúinteoireacht. Go traidisiúnta oileadh ní ba mhó fear i gColáiste Phádraig agus seans go bhfuil a leithéid ag dul i bhfeidhm ar na figiúirí a léirítear i dTábla 2.4

**Tábla 2.4**  
An coláiste ina bhfuair príomhoidí na nGaelscoileanna oiliúint

Col. Phádraig	CMGS Luimneach Carraig Dhubh	Dún Chéirigh	CMM Marino	Froebel Carraig Dhubh	Áiteanna Eile
38	35	12	7	9	6

Léiríonn an forbheathnú seo díogras na múinteoirí a roghnaíonn an Ghaelscolaíocht, ach ardaítear ceisteanna móra maidir leis an bhfás ar na Gaelscoileanna, agus an chosúlacht nach bhfuil soláthar cuí múinteoirí ar fáil chuige seo. Léirítear freisin tromlach na múinteoirí gan aon taithí Gaelscolaíochta acu féin, agus iad ag brath dá réir sin ar na cúrsaí réamhsheirbhíse agus inseirbhíse chun tuiscint, scileanna, agus cumas teanga a shasódh riachtanais na Gaelscolaíochta a sholáthar.

<sup>7</sup> Is é an rial ná go mbeadh taithí cúig bliana ag príomhoide má bhíonn níos mó ná 80 dalta cláraithe agus taithí trí bliana ar a laghad ag príomhoide le líon daltaí níos ísle ná seo. Is Gaelscoileanna nuabhunaithe a lán de na Gaelscoileanna ina gceaptar príomhoidí a mbíonn níos lú ná cúig bliana taithí acu, agus ar ndóigh ní bhíonn 80 dalta cláraithe sa chéad bhliain. An fhadhb is mó a eascraíonn do na príomhoidí a bhíonn ar bheagán taithí ná go mbíonn rompu dúshláin na forbartha, an teagaisc agus an riarachán, agus na teanga (foghlaim/insealbhú na Gaeilge) mar chuid de dhualgais bhreise na nGaelscoileanna.

## Pátrúin Earcaíochta agus Imeachta Múinteoirí sna Gaelscoileanna 2000 – 2005

Is é príomhchuspóir an staidéir ná eolas cruinn staitistiúil a chur ar fáil, mar aon le léamh agus tuiscint ar na fíricí, i leith múinteoirí atá faoi láthair sna Gaelscoileanna. Is iad na ceisteanna atá mar bhunús leis an gcuid seo den taighde ná:

- An fíor gur deacair teacht ar mhúinteoirí do na bunscoileanna lán-Ghaeilge?
  - An bhfuil múinteoirí neamhcháilithe ag múineadh sna Gaelscoileanna?
  - An bhfuil poist gan líonadh cheal múinteoirí?
  - An mbíonn sé deacair múinteoirí a choimeád sna Gaelscoileanna?
  - Cé na cúiseanna a thabharfadh ar mhúinteoirí imeacht ón nGaelscolaíocht?
  - An mbíonn sé deacair múinteoirí – agus príomhoidí – a cheapadh do na Gaelscoileanna?
- Tharraing a leithéid d'iniúchadh ceisteanna eile i leith sholáthar na múinteoirí do na Gaelscoileanna – ceisteanna ata pléite cheana féin i gCaibidil 2. Ina measc siúd bhí:
- Cén cúlra teanga agus/nó scolaíochta a bhíonn ag múinteoirí – agus ag príomhoidí - na nGaelscoileanna?
  - An bhfuil na coláistí oideachais ag freagairt do riachtanais na Gaelscolaíochta?
  - An láidre aon choláiste thar choláistí eile i soláthar múinteoirí do na Gaelscoileanna?

Tá roinnt eolais ar na ceisteanna seo tugtha i gCaibidil 2. Leanann thíos an t-eolas breise a d'eascair sa suirbhé, eolas atá suntasach ann féin. Ba dheas dá mbeadh tuairisc chomparáideach ar fáil ar an líon céanna 'gnáthscoileanna' a roghnófaí go fánach chun comparáid a dhéanamh idir na pátrúin earcaíochta agus imeachta sna Gaelscoileanna agus i scoileanna eile. Tá an chosúlacht ar an scéal gur géire i bhfad na dúshláin earcaíochta agus imeachta sna Gaelscoileanna, rud a ndéantar tagairt bhreise dó i gCaibidil 4, ach ní féidir cruthúnas iomlán a thabhairt air seo gan tabhairt faoi shuirbhé comparáideach den chineál céanna.

Rud amháin atá cinnte ná go bhfuil teanga chumarsáide agus teagaisc an Bhéarla ar ardchumas ag na múinteoirí atá sna 'gnáthscoileanna' agus go bhfaigheann siad freisin oiliúint chuí ar conas an curaclam Béarla, mar aon le teanga na múinteoireachta agus na foghlama, a láimhseáil ionas go mbainfidh daltaí lán-leas as a dtimpeallacht oideachais. Níl fáil ar chúrsa iomlán trí Ghaeilge faoi láthair, ná ar chúrsa iomlán i dtimpeallacht na Gaeilge (sa Ghaeltacht), ná ar chúrsa a fhreagraíonn do riachtanais phobal ardeistiméireachta na Gaeltachta agus na scoileanna lán-Ghaeilge, ná ar chúrsa (nó modúil ar chúrsa) a thugann le chéile pobal na Gaeltachta agus na scoileanna lán-Ghaeilge mar aon ghrúpa amháin chun dlús a chur leis an bhfreastal a d'fhéadfaí a dhéanamh orthu mar mhic léinn tríú léibhéil, agus mar mhúinteoirí amach anseo.


### 3.1 Cúlra teanga agus scolaíochta na múinteoirí

Bhí mar iomlán, idir phríomhoidí agus mhúinteoirí, 1012 duine fostaithe san 106 scoil. Glactar leis gurb í an Ghaeilge a bhí mar theanga baile acu siúd a d'fhreastail ar bhunscoil lán-Ghaeilge. Ní fios go baileach cén comhthéacs teanga a bhí mar chúlra baile ag na múinteoirí a d'fhreastail ar 'gnáthscoileanna', ach is dócha gurb é an Béarla an mháthairtheanga a bhí ag formhór mór acu siúd a d'fhreastail ar na 'gnáthscoileanna'. Léiríonn Tábla 3.1. agus Léaráidí 3.1 agus 3.2 an taithe bunscolaíochta agus meánscolaíochta a bhí ag na múinteoirí féin.


**Tábla 3.1**  
An cúlra scolaíochta a bhí ag múinteoirí na nGaelscoileanna

Taithí Scolaíochta	Gaeltacht	Lán-Ghaeilge	Gnáthscoil	Iomlán
Bunoideachas	274	145	593	1012
Iarbhuideoachas	256	180	576	1012

**Léaráid 3.1**



**Léaráid 3.2**



Tá sé suimiúil an léargas atá le fáil anseo ar chúlra scolaíochta na múinteoirí:

Tá tionchar nach beag ag an taithí Gaelscolaíochta a fuair na múinteoirí iad féin ar iad a mhealladh ar ais i dtreo na Gaelscolaíochta mar mhúinteoirí.

Tá an ceathrú cuid de na múinteoirí sna Gaelscoileanna ón nGaeltacht, agus a gcuid bunscolaíochta agus meanscolaíochta faighte acu sa Ghaeltacht. Caithfidh go gcruthaíonn sé seo brú áirithe ar na scoileanna Gaeltachta teacht ar mhúinteoirí, go háirithe nuair a chuirtear san áireamh nach bhfuil aon ardú tagtha ar chuóta na Gaeltachta.

Tá nach mór 60% de mhúinteoirí na nGaelscoileanna nach mbíonn aon chúlra Gaelscolaíochta acu féin. Is maith féin an léargas seo ar an spéis a bhíonn ag múinteoirí múineadh sna Gaelscoileanna ach ardaíonn sé ceisteanna maidir leis an bhfáil a bhíonn sna coláistí oideachais ag na múinteoirí seo ar mhodúil oideachais (nó ar chúrsa iomlán) a chuireann oiliúint orthu faoin nGaelscolaíocht, faoin teangeolaíocht, faoin tsíctheangeolaíocht, faoin luathoideachas dátheangach agus faoi mhórán réimse eile a bhaineann le tacaíocht chuí réamhsheirbhíse don Gaelscolaíocht.

Anuas air sin tá ceisteanna ann i dtaobh chumas agus chompond teanga na múinteoirí uile – cumas labhartha agus cumas scríofa – a ardaítear i gCaibidil 4. Is léir go bhfuil

roinnt mhaith múinteoirí sna Gaelscoileanna a bhfuil sárobair idir lámha acu in ainneoin nach bhfuil an Ghaeilge mar mháthairtheanga acu, ná mar chúlra scolaíochta acu, ná mar chuid lárnach dá gcúrsaí ullmhúcháin don mhúinteoireacht, ach ní foláir go bhfuil múinteoirí eile sna Gaelscoileanna agus iad faoi bhrú ag na dúshláin a eascraíonn as an gcomhthéacs Gaelscolaíochta.

Tá 85% de mhúinteoirí na nGaelscoileanna ag feidhmiú i gcóras scolaíochta nach bhfuil aon taithí acu féin air. An dá rud is mó a eascraíonn as seo ná (i) go luíonn, dá réir, dualgas níos láidre ag léibhéal réamhsheirbhíse modúil agus/nó cúrsaí cuimsitheacha ar an nGaelscolaíocht a chur ar fáil, agus (ii) gur gá machnamh a dhéanamh anois ar bhealaí le daoine a fuair oideachas Gaelscolaíochta a mhealladh i dtreo na bunmhúinteoireachta mar ghairm. Níl, faoi láthair, aon socrú ar nós an 'cuóta Gaeltachta' dóibh siúd a d'fhreastail ar Ghaelscoileanna.

### 3.2 Múinteoirí a d'fhág na Gaelscoileanna le cúig bliana anuas

Léiríonn an suirbhé gur fhág 290 múinteoir na Gaelscoileanna ina raibh siad idir 2000-2005, figiúir a fhéachann ard mar iomlán, ach nuair a thugtar míniú ar áit imeachta na múinteoirí, tá luí le réasún áirithe i gceist leis na staitisticí seo. I gcásanna áirithe d'fhág múinteoirí (nó príomhoidí) toisc gur ghlac siad le post sa chigireacht, mar oiliúnóir nó mar chúntóir curaclaim, mar phríomhoide i nGaelscoil nó i scoil eile, nó chun sos gairme a ghlacadh. Is cúis dóchais agus mórtais an céimniú ar aghaidh do mhúinteoirí na nGaelscoileanna isteach i bpoist eile agus is cinnte go leathnaíonn sé seo caighdeán na Gaeilge, agus tuiscint don Ghaelscolaíocht, san oideachas. Is léiriú, áfach, a leithéid ar an riachtanas breise atá ann earcaíocht níos leithne agus níos láidre a dhéanamh do na Gaelscoileanna sa mhéid is gurb é an pátrún atá ag eascairt ná nach post fadsaoil a bhíonn sa mhúinteoireacht do chéatadán áirithe d'oidí na nGaelscoileanna (rud atá fíor ar ndóigh leis na múinteoirí i scoileanna eile freisin).

Is deacair figiúr cruinn a chur ar an bpátrún ídithe ó Ghaelscoileanna go poist eile a mbíonn riachtanas na Gaeilge mar chroí iontu, ach as an 290 múinteoir a d'fhág na Gaelscoileanna le cúig bliana anuas, chuaigh duine as gach cúigear (22.8%), a d'aistrigh, ón nGaelscoil go 'gnáthscoil'. Níl an trasnú céanna ag tarlú ó 'ghnáthscoileanna' go Gaelscoileanna. Is cúis imní an líon suntasach sin, agus cé nach bhfuil léiriú le fáil ón taighde seo ar na cúiseanna a thugann ar mhúinteoirí an Ghaelscolaíocht a fhágáil, tá fianaise áirithe ann ó réimsí eolais de chineálacha eile sa suirbhé a léiríonn i gcásanna áirithe gur socrúithe pearsanta (m.sh bogadh abhaile agus gan aon Ghaelscoil, nó aon fholúntas i nGaelscoil le fáil). Tá léiriú ann in áiteanna eile ar an mbrú mór ar mhúinteoirí cheal téacsleabhar, soláthar cuí trealaimh agus/nó láthair sásúil scoile agus, ar ndóigh, bíonn tionchar uaireanta aige seo ar na breitheanna a ghlactar. Nuair a chuirtear san áireamh freisin an mhíshuamhneas toisc gan fáil a bheith ar oiliúint shubstantiúil in aon choláiste oideachais do mhúinteoireacht sa Ghaelscolaíocht, ní hionadh laghmhisneach ag teacht ar roinnt múinteoirí.

Tá duine as gach cúigear freisin (21%) a d'fhág an Ghaelscoil ina raibh siad le post a ghlacadh i nGaelscoil eile. Is iad na gnáthchúiseanna a luadh leis na múinteoirí seo, ar nós post níos sinsearaí nó fiú post mar phríomhoide a bheith faighte acu i nGaelscoil eile, deacrachtaí taistil nó a leithéid. Bhí 10% nach mór dóibh siúd freisin, a d'fhág, a ghlac le poist i scoileanna sa Gaeltacht agus tugadh le fios gur de bhunús na Gaeltachta gach duine acu seo nach mór. Léiriú eile arís atá anseo ar an mbearna atá ann maidir le dóthain múinteoirí a sholáthar d'earnáil na Gaeltachta agus na Gaelscolaíochta ionas go mbeidh bunachar sasúil ar fáil don dá réimse scoile.

Bhí 32 múinteoir eile – 11% den iomlán a d'fhág – a chuaigh isteach i bpoist eile ina bhfuil deis acu tionchar dearfach a bheith acu ar neartú na Gaeilge sa chóras oideachais bunscolaíochta. Ceapadh 20 duine acu seo mar phríomhoidí bun scoile – Gaelscoileanna nó eile; ceapadh cúigear mar chigirí agus scaoileadh cúigear eile chuig tograí oideachais nó chuig coláistí oideachais mar léachtóirí i múineadh na Gaeilge. Is maith ann na daoine seo, agus cé gur cailliúint iad don Ghaelscolaíocht, is éard atá le déanamh ná an soláthar a láidriú chun freastal ar na scoileanna agus freisin ar na cúraimí breise a leanann.

Tá leagan amach iomlán i dTábla 3.2 ar an áit a ndéanadh na múinteoirí a d'fhág na Gaelscoileanna ón mbliain 2001 ar aghaidh.

### Fíor 3.2

Léiriú ar an áit ina ndéanadh múinteoirí a d'fhág na Gaelscoileanna idir 2002 agus 2005

#### Cá ndéanadh na Múinteoirí a d'fhág na Gaelscoileanna idir 2000-2005?

	Iomlán	Fo-Rannóg	Céatadán den Iomlán
Gnáthbhunscoileanna eile mar chúntoirí	66		22.8%
Gaelscoileanna eile mar chúntoirí	61		21.0%
Scoileanna Gaeltachta mar chúntoirí	28		9.7%
<b>Ceapachán Príomhoidí i scoileanna eile</b>	<b>20</b>		<b>6.9%</b>
– Príomhoidí i nGaelscoile eile		8	
– Príomhoidí i nGnáthbhunscoil		6	
– Príomhoidí i scoil Gaeltachta		2	
– Ní fios cén cineál scoile – níor tugadh an t-eolas		4	
Cigireacht Bhunscoile	5		1.7%
<b>Poist le CNCM/ CTCB/ SFPS /COGG</b>	<b>5</b>		<b>1.7%</b>
– Ar iasacht ag an gComhairle Náisiúnta Curaclam & Measúnachta		1	
– Ar iasacht ag an gClár Tacaíochta don Churaclam Bun scoile		2	
– Ar iasacht ag an Togra Pleanála agus Forbartha Scoile		1	
– Ar iasacht ag an gComhairle um Oideachas Gaelt. & Gaelscol.		1	
Léachtóireacht: Múineadh na Gaeilge i gColáiste Oideachais	2		0.7%
Thar Lear (ar shos gairme nó ar chúrsaí pearsanta eile)	11		3.8%
<b>Éirithe as an Múinteoireacht</b>	<b>33</b>		<b>11.4%</b>
– Ar phinsean tar éis tréimhse iomlán múinteoireachta		9	
– Ar luathscor ón múinteoireacht (ní fios faoi phinsean srl)		6	
– Ar scor speisialta mar thoradh ar strus sa mhúinteoireacht		3	
– Éirithe as an múinteoireacht ar chúiseanna pearsanta		9	
– Ní fios cén fáth (níor tugadh aon eolas breise)		6	
Cúiseanna fánacha eile ( athrú creidimh, staidéar lán-aimseartha srl.)	4		1.4%
Ní fios toisc nár cuireadh na sonraí breise ar fáil	55		19.0%
An tIomlán a d'Fhág	290		100%
Céatadán de na múinteoirí sna Gaelscoileanna a d'fhág an Ghaelscoil ina raibh siad le cúig bliana anuas	290 as 1012		28.7%



### 3.3 Patrúin i gceapachán príomhoidí agus múinteoirí do Ghaelscoileanna

383 folúntas a fograíodh do mhúinteoirí sna Gaelscoileanna le trí bliana anuas. Is ionann seo agus meánuimhir de 3.6 múinteoir do gach Gaelscoil. Ón léiriú ar an bpatrún imeachta thuas bhí roinnt folúntais ag eascairt uatha seo, ach i gcás na nGaelscoileanna tá an fhorbairt as cuimse a leanann – mar atá i léirithe i Léaráid 2.1. (leathanach 5)– ag cur bliain in aghaidh bliana le ceapacháin nua do scoileanna atá á n-oscailt ná á bhforbairt go fóill

2,371 iarratas a tháinig isteach do na poist uile (príomhoidí agus múinteoirí san áireamh). Is ionann sin agus meánuimhir de 6 iarratas in aghaidh gach folúntais. Níl an uimhir seo róshláintiúil, ach nuair a chuirtear san áireamh go bhfuil na hiarratais chéanna á gcur isteach ar réimse folúntais, agus go bhfuil cuid de na hiarratais a thagann isteach nach gcáilíonn toisc nach múinteoirí láncháilithe iad roinnt de na hiarrathóirí, is lú go mór ná sé mhúinteoir láncháilithe a bhí ar fáil d'aon cheann de na poist. (Níl sé indéanta an uimhir chruinn a fháil, toisc nach eol cé na hiarrathóirí ar phoist, ach tá sé ráite ag múinteoirí nuacháilithe go gcuireann siad thart ar 8 n-iarratas mar mheán isteach ar fholúntais sula bhfaigheann siad poist<sup>8</sup>). Ní mór a áireamh freisin go mbíonn roinnt de na hiarrathóirí ag obair cheana féin i nGaelscoileanna, agus dá réir sin, ní cóir iad seo a áireamh mar dhaoine breise atá réidh le glacadh le folúntas Gaelscolaíochta den chéad uair.

Ní hionadh, dá réir sin, go raibh 41 folúntas (príomhoidí agus múinteoirí san áireamh) nár líonadh ar an gcéad iarracht le trí bliana anuas agus go mb'éigean athfhógairt a dhéanamh, an folúntas a fhágáil gan líonadh, nó ceapachán sealadach neamhoilte a dhéanamh. Tá an cheist eile ann freisin maidir le ceapacháin a rinneadh le múinteoirí lánoilte ach go mb'fhéidir nach iad an rogha is fearr a d'oirfeadh do Ghaelscoileanna i ngeall ar a gcaighdeán Gaeilge. Tá léiriú éigin ar bhreitheanna na bpríomhoidí ar chuid de na dúshláin seo le fáil i gCaibidil 4. Tá mionscagadh ann thíos ar na patrúin cheapacháin do phríomhoidí, agus ina dhiaidh sin, ar chás na múinteoirí.

#### 3.3.1 Folúntais do phríomhoidí

Bhí 18 folúntas ar fáil do phríomhoidí i nGaelscoileanna, agus leath go díreach acu siúd ag eascairt toisc gur scoileanna nuabhunaithe a bhí i gceist. Bhí deacrachtaí áirithe ann chun eolas cruinn a bhailiú ó na príomhoidí ar an líon iarratas a tháinig isteach toisc, ar ndóigh, go raibh na príomhoidí féin istigh ar an gcomórtas agus nach raibh an t-eolas ar fáil acu go léir. Bhí, áfach, 9 scoil (50%) nár éirigh leo príomhoide a cheapadh ar an gcéad iarracht. Sna cásanna seo fógraíodh an post go luath ina dhiaidh sin, nó bliain níos déanaí tar éis príomhoide feidhmeach a cheapadh don bhliain. Bhí 5 scoil as an 18 scoil a dúirt nár tháinig oiread agus iarratas amháin isteach don chomórtas nuair a fógraíodh ar dtús é. Ba iad na deacrachtaí céanna a bhí ag na scoileanna seanbhunaithe agus ag na scoileanna nua.

Tá eolas ar fáil maidir leis na patrúin earcaíochta do phríomhoidí i gcoitinne, agus tá cás an-dian á léiriú ag Líonra Phríomhoidí Éireann maidir leis an titim i líon na múinteoirí atá ag cur isteach ar phríomhoidí. Glactar leis gur mór an ghéarchéim gan ach 2.9 iarrathóir mar mheán ag cur isteach ar fholúntas a fhograítear do phoist príomhoidí. Is measa fós cás na nGaelscoileanna, mar a léirítear i dTábla 3.3 thíos<sup>9</sup>, agus i gcás na nGaelscoileanna bíonn an cinneadh le déanamh ní hamháin ar ábaltacht do phost príomhoide ach ar chumas na Gaeilge chomh maith.

<sup>8</sup> An t-eolas seo ar fáil ó shuirbhéanna a rinneadh cúpla bliain i ndiaidh a chéile le múinteoirí nuacháilithe i gColáiste Mhuire Marino

<sup>9</sup> Figiúirí atá curtha ar fáil ag taighde atá déanta ag Líonra Príomhoidí Bunscoile Éireann; figiúirí na nGaelscoileanna do 2002-2005 faighte ón suirbhé seo

**Tábla 3.3**

Pátrúin i líon na n-iarrathóirí a chuireann iarratais isteach ar phoist príomhoidí

Bliain	Gach Scoil - Coibhneas idir Folúntas agus Iarratais	GAELSCOILEANNA AMHÁIN Folúntas agus Iarratais
1996	5.5 : 1	Ní Fios
1998	4.5 : 1	Ní Fios
2000	3.9 : 1	Ní Fios
2002		
2004	2.9 : 1	2.1 : 1
2005	(meánuimhir)	(meánuimhir)

Tá eolas níos iomláine ar fáil do na folúntais a d'eascair do phoist príomhoidí i nGaelscoileanna le trí bliana anuas. 10 gcinn de scoileanna nua a osclaíodh ó 2002 ar aghaidh agus is cosúil nach raibh níos mó ná 24 iarratas san iomlán do na folúntais sin, coibhneas de 2.4 iarratas ar gach folúntas. Bhí 5 scoil eile a d'fhógair folúntas an phríomhoide idir 2002-2005 agus nach bhfuair aon iarratas ar an gcéad iarracht. Is é an pátrún céanna a leanann le scoileanna eile, agus i gcásanna áirithe b'éigean múinteoirí a cheapadh go sealadach mar phríomhoidí go dtí go bhféadfaí an post a athfhógairt<sup>10</sup>.

<sup>10</sup> Ní mór cúram a ghlacadh leis na figiúirí seo toisc nach raibh eolas cruinn ag roinnt do na príomhoidí.

**3.3.2 Folúntais do mhúinteoirí**

Ón eolas a chuir príomhoidí ar fáil maidir le folúntais do mhúinteoirí, 365 post a fógraíodh, agus ní raibh ach 5 scoil as an 106 nach ndearna aon cheapachán le trí bliana anuas. Cé gur 6 iarratas an meánuimhir a tháinig isteach, bhí tionchar ag nithe áirithe ar nós an áit ina raibh an scoil lonnaithe, aois agus méid na scoile, agus an fháil a bhí sa cheantar ar mhúinteoirí nua-oilte don Ghaelscoláíocht ar an bpátrún i líon na n-iarratas. Bhí, mar shampla, roinnt mhór iarratas do na folúntais i nGaillimh agus i Luimneach. D'fhéadfaí a thomhas go raibh tionchar ag láithreach an choláiste oideachais i Luimneach ar an líon iarratas sa cheantar sin; seans gurbh é an tionchar céanna, nó pobal múinteoireachta na Gaeltachta i nGaillimh a chuidigh leis an toradh sláintiúil sa chontae sin. Bhí scoileanna eile ann i Liatroim, i gCill Mhantáin, i Muineachán, san Iarmhí agus i gceantair áirithe i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh nár éirigh leo ach fíobheagán, nó gan aon iarratas a fháil.

**Tábla 3.4**

An méid iarratas de réir scoileanna a tháinig d'fholúntais sna Gaelscoileanna 2002-2005

Iarratais	Gan aon iarratas	1-3 iarratas	4-6 iarratas	7-10 iarratas	11-20 iarratas	21-40 iarratas	41+ iarratas	IOMLÁN
Líon Scoileanna	2	2	9	10	30	28	14	365 post

Ní hionann, ar ndóigh, post a fhógairt, agus post a líonadh. Bhí 43 post do mhúinteoirí ranga (11.8% den iomlán) nár líonadh ar an gcéad iarracht. Luadh cúiseanna éagsúla leis seo – uaireanta ní raibh fáil ar an duine a roghnaíodh, uaireanta eile ní raibh ach iarratais ó dhaoine neamhcháilithe, nó a bhí ar fhíorbheagán Ghaeilge tagtha agus ní raibh bainistíocht na scoile sásta ceapachán a dhéanamh ar an mbonn sin. Pé cúis a bhain leis, níl sé sásúil in aon chor go mbeadh roinnt mhaith ranganna sna Gaelscoileanna ag brath ar mhúinteoir neamhcháilithe, ar mhúinteoir cáilithe ach ar bheagán Ghaeilge, nó ar ionaduithe éagsúla a bhíonn ag teacht agus ag imeacht agus iad go minic ar bheagán Gaeilge.

### 3.32 Tionchar na gcoláistí oideachais ar sholáthar na múinteoirí do Ghaelscoileanna

Tá léargas tugtha i gCaibidil 2 (Léaráid 2.3) ar na coláistí oideachais ónar tháinig múinteoirí na nGaelscoileanna. Tá réimsí éagsúla le fiosrú fós maidir leis an tionchar a bhíonn ag na coláistí oideachais, agus ag córais eile, ar sholáthar na múinteoirí a bhíonn ar fáil do na Gaelscoileanna. Léireofar tuairimí na bpríomhoidí maidir le gnéithe de ról na gcoláistí oideachais i gCaibidil 4. Ba ghá freisin eolas an-bheacht a bhailiú ó na coláistí maidir lena bhfuil ag tarlú i leith na Gaelscolaíochta ar na cúrsaí réamhsheirbhíse agus sa ghné praiticiúil, an cleachtadh múinteoireachta.

Níl fáil ach i gColáiste Mhuire Béal Feirste ar chúrsa atá go hiomlán trí Ghaeilge agus dírithe go hiomlán ar an nGaelscolaíocht. Cuirtear cosc leis na huimhreacha a ghlactar ar an gcúrsa sin gach bliain de réir an líon múinteoirí a bhíonn de dhíth ar Ghaelscoileanna an Tuaiscirt. Is é a tharlaíonn ná gur gnách nach gceadaítear ach thart ar 20 duine ar an gcúrsa in aghaidh na bliana cé go mbíonn an-iomaíocht do na háiteanna seo. Spéisiúil go leor, is ón Deisceart do chuid de na hiarrthóirí agus filleann siad de ghnáth ar Ghaelscoileanna sa Deisceart. Faoi láthair tá 22 múinteoir ó Choláiste Mhuire Béal Feirste fostaithe sna Gaelscoileanna<sup>11</sup>. Bheifí ag tuar go mb'fhéidir go bhféadfaí iniúchadh a dhéanamh ar an deis a bheadh ann folúntais bhreise a chruthú ar an gcúrsa oiliúna iarchéime i mBéal Feirste chun cuidiú le géarchéim na hearcaíochta i nGaelscoileanna an Deiscirt.

Tá léargas ann ón eolas a chuir príomhoidí ar fáil ar phátrúin earcaíochta agus imeachta sna Gaelscoileanna. Is é an léargas staitistiúil, ar an áit n-imíonn múinteoirí nuair a fhágann siad na Gaelscoileanna, an chúis is mó imní, go háirithe iad siúd a théann go 'gnáthscoileanna'. Níl ach an cúigiú cuid de mhúinteoirí a imíonn ón nGaelscoil ina mbíonn siad agus a leanann le fostaíocht mar chúntóir i nGaelscoil eile – ídiú mór agus gan aon phleanáil chun réiteach a fháil ar an scéal. Tá sé de cheart ag tuismitheoirí gur scolaíocht trí mheán na Gaeilge a bheith ar fáil dá bpáistí ach ní leor an suíomh, láthair, trealamh srl. Is mó go mór mar áis riachtanach fáil a bheith ar mhúinteoirí lánoilte don Ghaelscolaíocht, agus iad lánchumasach in úsáid na Gaeilge.

<sup>11</sup> Níl san uimhir seo ach an 22 múinteoir as an 106 scoil a chlúdaíonn an taighde. Seans gur mó an t-iomlán seo do na gaelscoileanna uile.

## Caibidil

## 4

## Léargas Breise Dearcadh na bpríomhoidí

Mar chuidiú le léargas breise a fháil ar staid reatha na nGaelscoileanna tugadh deis do phríomhoidí tuairimí a léiriú ar ghnéithe d'earcú múinteoirí agus dá n-ullmhú i leith na Gaelscolaíochta. An mhodheolaíocht a bhí i gceist leis an gcuid seo den obair ná gur cuireadh roinnt ráitis faoi bhráid na bpríomhoidí agus gur iarradh orthu léiriú a thabhairt maidir leis an gcaoi inar aontaigh siad nó nár aontaigh siad leis na ráitis. Tá mar cheangal ar an gcuid seo den obair (i) go bhféadfaí cur go mór leis na ráitis, ach gur dírfodh ar ghnéithe a bhain go díreach le príomhchuspóir na hoibre; agus (ii) gurb é dearcadh na bpríomhoidí amháin atá ar fáil anseo agus gur shaibhre an t-iomlán dá dtrasnódh an chuid seo den obair ar eolas a bailíodh ó mhúinteoirí sna Gaelscoileanna chomh maith, ach arís, go raibh a leithéid lasmuigh de scóp na hoibre.


Leanann léargas thíos ar thuairimí i leith soláthar oidí do Ghaelscoileanna, caighdeán agus úsáid na Gaeilge i measc oidí na nGaelscoileanna, na cúrsaí oiliúna agus an freastal a bhí mar thaca don Ghaelscolaíocht ó choláistí oideachais. Cúig réimse a bhí ar fáil i scála na bhfreagraí - 'aontaím go láidir', 'aontaím', 'nílim cinnte', 'easaontaím', 'easaontaím go láidir'. Chun soiléiriú níos fearr a thabhairt ar an léargas a d'eascair tá an t-iomlán de na réimsí aontaithe agus de na réimsí easaontaithe curtha le chéile thíos<sup>12</sup>.

<sup>12</sup> Tá fáil in Aguisín 2, Ceist 3, ar an gcuid seo den suirbhé mar a dáileadh ar phríomhoidí é.


### 4.1 An fháil a bhíonn ar mhúinteoirí do na Gaelscoileanna

Is léir gurb é taithí na bpríomhoidí go bhfuil géarchéim earcaíochta sna Gaelscoileanna. Dar le 69% de phríomhoidí go mbíonn sé deacair múinteoirí láncháilithe a aimsiú. Tá an tuairim seo ag teacht lena bhfuil luaite cheana féin i gCaibidil 3 mar a bhfuil cur síos staitistiúil tugtha ar na pátrúin earcaíochta agus ceapachán. Is é an tuairim ná gur mó na deacrachtaí múinteoirí a fháil do na Gaelscoileanna ná do scoileanna eile.

#### Léaráid 4.1



#### Léaráid 4.2




Tá sé deacair eolas cruinn a fháil ar na patrúin earcaíochta ag léibhéal na bunscoile i gcoitinne agus, chun tuairimí na bpríomhoidí a dheimhniú, níor mhór scáth-thaighde den chineál céanna a dhéanamh ar chéatadán de na 'gnáthscoileanna'. Is cosúil ón méid eolais atá ar fáil go bhfuil an ceart ag na príomhoidí gur mó an ghéarchéim earcaíochta príomhoidí agus múinteoirí a sholáthar do na Gaelscoileanna. Rud atá níos tábhachtaí fós, agus a léireofar thíos, ná go mbeifí ag súil – agus gurb é an cás sna 'gnáthscoileanna' - go mbíonn ardchaighdeán labhartha agus scríofa i dteanga chumarsáide na scoile ag na múinteoirí. Is measa fós cás earcaíochta na nGaelscoileanna más fíor go bhfuil múinteoirí á bhfostú iontu nach bhfuil cumas labhartha agus scríofa na Gaeilge sách láidir acu féin.

#### 4.2 An fháil a bhíonn ar mhúinteoirí Gaeltachta do na Gaelscoileanna

Toisc go mbíonn uasmhéid de 10% de na háiteanna ar na cúrsaí réamhchéime sna Coláistí Oideachais curtha ar fáil d'iarrthóirí ón nGaeltacht seans go mbeifí ag súil go mbeadh deathionchar aige seo ar earcaíocht ó chúltra Gaeltachta do na Gaelscoileanna. Ní gá gur mar sin a bheadh, dar leis na príomhoidí sna Gaelscoileanna, agus - ó na staitisticí a chruthaigh an suirbhé seo – tá thart ar an gceathrú cuid de mhúinteoirí na nGaelscoileanna ón nGaeltacht. Iarradh ar phríomhoidí arbh é a dtuairim gur theastaigh ó mhúinteoirí na Gaeltachta múineadh sa Ghaeltacht, ach ba léir éiginnteacht ina leith seo.

#### Léaráid 4.3



Ní gá gurb é an fonn chun na Gaeltachta, a chruthaíonn dearcadh na bpríomhoidí, ach an easpa in iomlán na múinteoirí Gaeltachta atá ar fáil chun freastal ar an nGaeltacht agus ar na Gaelscoileanna. Ní mór a áireamh:

Go bhfuil an-fhás tagtha ar líon na nGaelscoileanna le scór bliain, ach nár tháinig aon athrú ar an gcéatadán d'áiteanna a chuirtear ar fáil sna coláistí oideachais d'iarrthóirí ón nGaeltacht.

Gur tháinig fás ollmhór ar líon na n-ábhar oidí sna coláistí oideachais le 10 mbliana anuas agus dá réir sin nár éirigh i gcónaí leis na coláistí an 'cuóta Gaeltachta' a líonadh.

Gur cuireadh le fad, le substaint, agus leis an líon mac léinn iarchéime sna coláistí oideachais thar mar a bhí, agus freisin ar chúrsa nua Hibernia, ach nár cuireadh aon

chuóta Gaeltachta i bhfeidhm ar na cúrsaí seo, rud a íslíonn go mór an fháil iomlán choibhneasach a bhíonn ar mhic léinn Ghaeltachta ar chúrsaí múinteoireachta.

Go bhfuil cláir rochtana chun comhionannas oideachais a bhaint amach ar fáil anois in institiúidí tríú léibhéal, ach nach bhfuil fós a leithéid de chlár chun cuidiú le mic léinn Ghaeltachta ar mian leo tabhairt faoin mbunmhúinteoireacht. Tá tábhacht ag baint leis seo sa mhéid is gurb í an chúis nach líontar i gcónaí an cuóta Gaeltachta ná go mbíonn an t-éileamh ann ó mhic léinn Ghaeltachta, ach go mbraitheann na coláistí go gcruthaíonn sé deacrachtaí bearna níos mó ná 30-40 pointe a oscailt idir na torthaí a bhíonn ag na hiarrthóirí ón nGaeltacht agus iarrthóirí eile a bhíonn ag teacht isteach. Is trí chláir rochtana nó a leithéid a d'fhéadfaí an tacaíocht a thabhairt ag léibhéal iarbhunscóile do mhic léinn Ghaeltachta ar mian leo cáiliú mar bhunmhúinteoirí.


Gur deacair - gan fáil a bheith sna coláistí oideachais ar chúrsa iomlán ullmhúchán don Gaelscolaíocht, nó ar mhodúil shuntasacha mar aon le cúrsaí ullmhúchán ar pheanáil don Chleachtadh Múinteoireachta trí Ghaeilge - mic léinn Ghaeltachta nach bhféadfadh taithe a bheith acu ar an nGaelscolaíocht a mhealladh i dtreo na Gaelscolaíochta.

Go bhfuil pátrúin nádúrtha socheolaíochta, sochtangeolaíochta agus tíreolaíochta, mar aon le patrúin shocheacnamaíochta a chiallaíonn go mb'fhéidir nach bhfuil suíomhanna roinnt de na Gaelscoileanna fóirstineach do mhúinteoirí Gaeltachta, go háirithe an pátrún láidir a léiríonn go bhfilléann múinteoirí ar - nó i dtreo - a n-áit dhúchais. Mar bhreis air seo, i gcás mhúinteoirí na Gaeltachta, bíonn sé níos éasca orthu post a aimsiú sa Ghaeltacht toisc nach mbíonn in iomaíocht leo, de ghnáth, ach a gcomhghleacaithe Gaeltachta.


### 4.3. An fháil a bhíonn ar ionaduithe do na Gaelscoileanna

Is cúis mhór imní an léiriú atá faighte ó phríomhoidí ar na deacrachtaí a bhíonn acu ionadaíocht a sholáthar do mhúinteoirí, agus go deimhin na breitheanna a bhíonn le déanamh acu féin maidir le hionadaí láncháilithe ar bheagán Gaeilge nó ionadaí neamhcháilithe le Gaeilge a sholáthar. Tá tromlach mór na bpríomhoidí (91%) a léiríonn gur crá croí acu ionadaí láncháilithe le Gaeilge a fháil don scoil. Uaireanta ní bhíonn an dara rogha acu ach ionadaí ar bheagán Gaeilge a fhostú, agus ardaíonn sé seo cruacheisteanna maidir leis an soláthar cuí oideachais agus teanga do pháistí na nGaelscoileanna.


Léaráid 4.4




Léaráid 4.5



Tá breis agus an ceathrú cuid de phríomhoidí a léiríonn gurbh fhearr leo rang a fhágáil gan ionadaí seachas múinteoir láncháilithe ar bheagán Gaeilge a fhostú, agus leath de na príomhoidí a shíleann gur fearr duine láncháilithe gan Gaeilge a fhostú seachas duine neamhcháilithe le Gaeilge. Ardaíonn sé seo ceisteanna maidir le cearta oideachais na ndaltaí, agus ardaíonn sé ceisteanna freisin faoi na dualgais a thiteann ar phríomhoidí, agus freisin ar bhainistíocht scoileanna, maidir leis na breitheanna a dhéanann siad i leith soláthar cuí oideachais do dhaltaí. Ceist níos casta fós ná an tionchar a bhíonn ag athrú suntasach sa teanga teagaisc agus foghlama ar dhaltaí laga go speisialta, má bhíonn ionadaí acu nach mbíonn ábalta an chumarsáid teagaisc a sholáthar go héifeachtach.



Léaráid 4.6




Léaráid 4.7

Nuair a chuirtear san áireamh na staisticí a leiríonn go mbíonn léibhéal suntasach ionadaíochta de dhíth ar scoileanna gach lá, léiríonn sé an bhearna achrannach atá le líonadh chun réimse na Gaelscolaíochta a shásamh, agus léirítear freisin an phráinn atá ann polasaí a chinntiú a thacóidh le príomhoidí agus iad i mbun ionadaithe a earcú.


#### 4.4 Ról na gcoláistí oideachais i leith na Gaelscolaíochta

Ní fheictear do na príomhoidí go bhfuil na coláistí oideachais ag freastal ar riachtanais na nGaelscoileanna. Tá 80% díobh a bhraitheann nach bhfuil na coláistí ag déanamh a riar féin don Ghaelscolaíocht, agus go deimhin níl fianaise cruinn le fáil go bhfuil soláthar sásúil in aon cheann de na coláistí oideachais a léiríonn cúrsa iomlán trí Ghaeilge, agus/nó cúrsa iomlán a dhíríonn ar mhic léinn a bhfuil cúlra Gaelscolaíochta acu féin, nó a bhfuil sé mar mhian acu dul ag obair in earnáil na Gaelscolaíochta. Tá príomhoidí d'aonghuth – nach mór - gur chóir cúrsaí speisialta faoin nGaelscolaíocht a bheith ar fáil sna coláistí oideachais, nó go gcuirfí ar a laghad modúil faoin nGaelscolaíocht ar fáil do mhic léinn.

Léaráid 4.8




Léaráid 4.9




Ní raibh príomhoidí ag caineadh na gcoláistí oideachais agus iad ag iarraidh an ghéarchéim a mhíniú; ba léir nach bhfaca siad ach cuid den fhadhb lonnaithe leis an gcur chuige oiliúna. Ba mhó na tuairimí a léirigh siad ar an ngearchéim, rud a thagann le torthaí eile sa staidéar agus a léiríonn gurb é an t-iomlán de réimse atá mar mhíniú ar staid earcaíochta na nGaelscoileanna.

Bealach eile le cur leis an réimse oiliúna don Ghaelscolaíocht ná cúrsa speisialta le cailíocht bhreise, agus liúntas breise, a bhunú. Thaithin sé seo mar mholadh le príomhoidí agus is dócha go mbeadh mar bhuntáiste ag a leithéid go bhféadfaí fáil a bheith air mar cháilíocht iar-oiliúna, agus go bhféadfadh múinteoirí an cúrsa a roghnú tar éis dóibh post a fháil i nGaelscoil.

Léaráid 4.10



Léaráid 4.11





#### 4.5 Tuairimí ar chaighdeán na Gaeilge ag múinteoirí na nGaelscoileanna

Iarradh ar phríomhoidí a dtuairim a thabhairt ar ghnéithe de chaighdeán Gaeilge na múinteoirí, agus ní mór ar dtús a rá go raibh líon beag (cúigear) príomhoide a bhraith nár mhaith leo aon léiriú a thabhairt ar a ndearcadh i leith na múinteoirí. Tá sé seo intuigthe, ach spéisiúil go leor is ón réimse seo freisin is mó a chuir roinnt príomhoidí lena raibh le freagairt acu, le tuairimí breise tugtha acu a léirigh go raibh siad inmíoch faoi chaighdeán roinnt de na múinteoirí. Léirigh príomhoidí freisin gur bhain an tuairim a nocht siad ní hamháin le roinnt múinteoirí ach uaireanta leo féin mar phríomhoidí.

Ní suaimhneas intinne, ar aon bhealach, d'aon duine an léiriú a thugtar go bhfuil:

34% de phríomhoidí a bhraitheann nach bhfuil caighdeán sásúil Gaeilge ag roinnt múinteoirí atá ag múineadh sna Gaelscoileanna


27% de phríomhoidí a bhraitheann go bhfuil caighdeán na Gaeilge sa scoil íslithe toisc go bhfuil caighdeán Ghaeilge na múinteoirí íslithe

57% de phríomhoidí buartha faoi chaighdeán scríofa Gaeilge roinnt de na múinteoirí


Is leor na trí léaráid thíos mar fhianaise ar an imní atá ar phríomhoidí, agus is léiriú freisin é nach féidir glacadh leis na staitisticí a léiríodh cheana nach bhfuil ach idir 3%-6% de ghéarchéim earcaíochta sna Gaelscoileanna. Tagann na torthaí thíos lena bhfuil luaite ag príomhoidí i gcodanna eile den suirbhé seo, agus lena bhfuil léirithe go staitistiúil ar an rogha earcaíochta a bhíonn ann maidir leis an líon múinteoirí lánoilte **le cumas sa Ghaeilge** a bhíonn ar fáil don Ghaelscolaíocht. Is ag an bpointe seo is mó atá an fhianaise neamhfháilteach a chruthaíonn géarchéim riachtanais ag an léibhéal iontrála, réamhsheirbhíse, earcaíochta agus inseirbhíse más toil freastal cuí a dhéanamh ar na Gaelscoileanna. Ní mór freagairt láithreach do na riachtanais seo.

Tá sé tábhachtach freisin nach gcruthódh na torthaí seo míshuaimhneas i measc múinteoirí atá ag saothrú go dícheallach sna Gaelscoileanna, nó go mb'fhéidir go mbraithfidís nach rabhthas sásta leo mar mhúinteoirí agus/nó mar Ghaeilgeoirí. Is é an léiriú tríd is tríd ná go bhfuil an dea-thoil agus an díogras don Ghaeilge agus don scolaíocht ag múinteoirí na nGaelscoileanna, agus gur mó dúshlán a bhíonn le sárú acu nach mbíonn ag múinteoirí na 'ngnáthscoileanna'. Bíonn nach mór leath acu ag obair i bhfoirgnimh shealadacha, bíonn dúshlán na dtéacsleabhar agus an dátheangachais mar aon le nithe eile mar ualach breise orthu. Ba chóir go mbeadh an soláthar réamhsheirbhíse ar fáil dóibh a cheadódh dóibh saineolas ar ghnóthaí na Gaelscolaíochta mar aon le cumas agus compord teanga a bheith acu sula dtosódh siad sa Ghaelscoil, agus ba chóir tacaíocht leanúnach inseirbhíse a fhreagraíonn dá riachtanais a bheith ar fáil dóibh.

Tá roinnt múinteoirí sa scoil seo nach bhfuil caighdeán sásúil Gaeilge acu




Tá caighdeán na Gaeilge sa scoil ag ísliú toisc go bhfuil caighdeán Ghaeilge na múinteoirí íslithe




Léaráid 4.12

Léaráid 4.13

## Léaráid 4.14



## Léaráid 4.15





Tá léamh eile nach mór a lua – go mbíonn sé le rá ag múinteoirí, agus go luíonn sé le réasún, go dtagann an-fheabhas ar Ghaeilge múinteoirí nach mbíonn ar ardchumas mar thoradh ar a bheith ag obair i nGaelscoil. Is fíor é seo ar ndóigh, agus léirigh 82% de phríomhoidí gurb í an Ghaeilge teanga chumarsáide na foirne nuair a bhíonn siad le chéile lasmuigh den scoil. Ní hionann, áfach, an comhtheács caidrimh agus cumarsáide agus an éifeacht teanga is gá don mhúinteoireacht.

#### 4.6 Tuairimí ar thacaí do mhúinteoirí, agus ar nithe eile sna Gaelscoileanna


Iarradh ar phríomhoidí faoin tionchar a bhíonn ag láthair cuí scoile agus ag soláthar na dtéacsleabhar Gaeilge ar mhúinteoirí a mhealladh i dtreo na nGaelscoileanna. Iarradh orthu freisin faoin úsáid a bhaineann na coláistí oideachais as na Gaelscoileanna do chleachtadh múinteoireachta, agus iarradh orthu freisin ar shíl siad go raibh fás an-tapa na nGaelscoileanna ag cur as do sholáthar na múinteoirí. Tá na torthaí ar na gnéithe seo uile le feiceáil thíos, agus léirítear go mbraitheann na príomhoidí tionchar áirithe ag gach ceann acu seo ar bhealaí éagsúla. Cúiseanna imeallacha, seachas cúiseanna lárnacha atá i gceist le gach ceann acu seo, agus ní mór filleadh ar sholáthar na n-oidí oilte don Ghaelscolaíocht chun croí na faidhbe a réiteach.

## Léaráid 4.16






Léaráid 4.17



Léaráid 4.18



Léaráid 4.19

## Coimriú Staitistiúil Príomh-thorthaí, Conclúid agus moltaí

An tasc oibre ba bhunús leis an obair seo ná eolas a bhailiú faoi staid reatha na múinteoirí sna Gaelscoileanna, agus an ghéarchéim i soláthar oidí – más ann dó – a iniúchadh, a léiriú agus a mhíniú. Tá sé seo déanta; tá cruinneolas bailithe agus eascraíonn ón eolas seo pátrúin sna torthaí a léiríonn roinnt de na nithe is mó tionchar ar staid reatha na nGaelscoileanna maidir le soláthar oidí.

Tá mionchuntas thíos ar na staitisticí is spéisiúla – cuid acu a bhaineann go ginearálta leis na Gaelscoileanna, ach a bhformhór a d'eascair ón eolas a chuir na príomhoidí ar fáil. Tá an t-eolas atá tugtha sa choimriú staitistiúil luaite cheana féin sna codanna eile den tuairisc, ach tá siad tugtha le chéile anois mar ghrinnléargas ar chonclúid an tsuirbhé. Ansin leanann cur síos ar na príomhthorthaí agus déantar freisin roinnt moltaí a chuideodh le feabhas a chur ar sholáthar na múinteoirí do na Gaelscoileanna.

### 5.1. COIMRIÚ STAITISTIÚIL

- Tá 7.5% de dhaltaí bunscoile na tíre a bhfuil oideachas trí Ghaeilge á fháil acu.
- 143 bunscoil Ghaeltachta agus 125 bunscoil lán-Ghaeilge atá ag freastal ar an 33264 dalta bunscoile atá á dteagasc trí Ghaeilge
- Tá 71% de an daltaí bunscoile a bhfuil oideachas trí Ghaeilge á chur orthu in earnáil na Gaelscolaíochta; tá an 29% eile sna scoileanna Gaeltachta.
- 181 meánuimhir na ndaltaí atá i nGaelscoil; 67 an mheánuimhir i scoil Ghaeltachta
- Bunaíodh 38% de na Gaelscoileanna le 10 mbliana anuas.
- Tá 43% de na Gaelscoileanna nach bhfuil suíomh seasta scoile acu.
- Tagann 25% de mhúinteoirí na nGaelscoileanna ón nGaeltacht. Tá 15% eile a d'fhreastail mar dhaltaí ar bhunscolaíocht agus ar mheánscolaíocht lán-Ghaeilge.
- Tá 60% de mhúinteoirí na nGaelscoileanna nach bhfuil aon taithí acu ar an bhfoghlaim trí mheán na Gaeilge.
- Tá 19% de phríomhoidí na nGaelscoileanna a raibh níos lú ná cúig bliana taithí múinteoireachta acu sular ceapadh mar phríomhoidí iad.
- Is é an pátrún ná go dtéann níos mó ná 20% de na múinteoirí a fhágann na Gaelscoileanna chuig 'gnáthscoileanna' mar mhúinteoirí, agus go dtéann 10% eile mar mhúinteoirí chuig scoileanna na Gaeltachta
- As 18 bpost a fógraíodh do phríomhoidí i nGaelscoileanna le trí bliana anuas, níor líonadh 50% de na poist seo ar an gcéad iarracht.
- Meánuimhir na n-iarratas ar phoist príomhoidí i nGaelscoil ná 2.1 iarratas. Is lú é seo ná meánuimhir na 'ngnáthscoileanna', agus glactar leis go bhfuil géarchéim i gceapachán príomhoidí do na 'gnáthscoileanna'.
- Le trí bliana anuas níor líonadh 11.8% de phoist na múinteoirí sna Gaelscoileanna ar an gcéad iarracht agus b'éigean athfhógairt a dhéanamh,
- Léiríonn 34% de phríomhoidí go mbraitheann siad nach bhfuil caighdeán sásúil Gaeilge ag roinnt de na múinteoirí sa scoil. Tá 57% de phríomhoidí buartha faoin gcaighdeán scríofa Gaeilge atá ag roinnt ball foirne.
- Is é tuairim 27% de phríomhoidí go bhfuil caighdeán Gaeilge na scoile ag titim toisc go bhfuil caighdeán na múinteoirí tar éis titim.
- Léiríonn príomhoidí go mbíonn orthu folúntais a líonadh uaireanta nuair a bhíonn siad imníoch faoi chaighdeán Ghaeilge na múinteoirí

Deir 70% de phríomhoidí go mbíonn sé deacair múinteoirí a fháil do na Gaelscoileanna agus creideann siad gur mó na deacrachtaí múinteoirí a fhostú do na Gaelscoileanna ná do na 'gnáthscoileanna'.

Tá 91% de phríomhoidí a léiríonn an-deacrachtaí ionaduithe a fháil do na Gaelscoileanna agus deir 76% acu go mbíonn orthu uaireanta ionadaí ar bheagán Gaeilge a fhostú

Tá an ceathrú cuid de phríomhoidí a deir go bhfágann siad an rang gan ionadaí seachas múinteoir cáilithe ar bheagán Gaeilge a fhostú.

Léiríonn leath de na príomhoidí gur fearr leo ionadaí láncháilithe ar bheagán Gaeilge a fhostú seachas múinteoir neamhcháilithe le Gaeilge.

Tá 79% de phríomhoidí nach bhfuil sásta leis an soláthar oiliúna réamhsheirbhíse atá á chur ar fáil don Ghaelscolaíocht sna coláistí oideachais.

Creideann an tríú cuid de phríomhoidí go bhfuil fás róthapa tagtha ar an nGaelscolaíocht agus gur deacair, dá réir, teacht ar mhúinteoirí. Tá an tríú cuid eile ann nach n-aontaíonn leis seo.

## 5.2 Príomhthorthaí agus Conclúid

Thíos leanann roinnt de na príomhthorthaí a d'eascair as an tuarascáil. D'fhéadfaí cur leis an liosta seo, ach dírfódh ar na torthaí is mó suntas maidir leis an bpríomhcheist a bhain leis an tasc oibre – soláthar na múinteoirí do na Gaelscoileanna.

### Is léir go bhfuil géarchéim ann i soláthar múinteoirí do na bunscoileanna lán-Ghaeilge.

Tá fianaise a léiríonn géarchéim ag leibhéal éagsúla maidir le soláthar sásúil múinteoirí:

1. Tá poist do phríomhoidí nár líonadh ar an gcéad iarracht agus roinnt eile atá faoi chúram príomhoide sealadach
2. Tá poist do mhúinteoirí nár líonadh, roinnt atá faoi chúram bliana ag duine neamhoilte, roinnt eile a mbíonn ionaduithe éagsúla iontu, agus roinnt bheag nár líonadh in aon chor
3. Tá poist áirithe á líonadh le múinteoirí láncháilithe ach iad ar bheagán Gaeilge

### Tá na bunscoileanna lán-Ghaeilge ag tarraingt ar an 'gcuóta Gaeltachta' agus laghdaíonn sé seo an fháil a bhíonn ar mhúinteoirí do na scoileanna Gaeltachta.

Tá fianaise a léiríonn gurb as an nGaeltacht do 25% de mhúinteoirí na nGaelscoileanna. Is léir go gcuireann sé seo as do sholáthar oidí do scoileanna Gaeltachta, rud atá luaite cheana féin mar ábhar imní i dtuairisc na Comhairle ar staid reatha na scoileanna Gaeltachta. Tá gá leis an méid seo ar a laghad de bhunús na Gaeltachta a choimeád sna Gaelscoileanna chun bunsaibhreas teanga a chaomhnú. Léiríonn an toradh seo an ghéarchéim atá anois ann toisc nár tháinig aon mhéadú ar an gcuóta Gaeltachta, agus nár cuireadh aon struchtúr eile i bhfeidhm chun soláthar múinteoirí don Ghaelscolaíocht agus do na scoileanna Gaeltachta a dheimhniú. Níor chóir go mbeadh na Gaelscoileanna agus na scoileanna Gaeltachta in iomaíocht le chéile chun riachtanais mhúinteoireachta a sholáthar.

### Tá sé an-deacair teacht ar ionaduithe le Gaeilge do na Gaelscoileanna

Léirigh príomhoidí fadhbanna móra a bheith acu maidir le hionaduithe a bheith ar fáil do na Gaelscoileanna. Tá fianaise staitistiúil a chruthaíonn gur fíor a leithéid. Bíonn sé dodhéanta go minic ionaduithe le cáilíocht mhúinteoireachta mar aon le cumas Gaeilge a aimsiú. Is léir do phríomhoidí nach bhfuil sé seo ag freagairt do bhunchearta agus do bhunriachtanais foghlama na ndaltaí. Bhí ar phríomhoidí go minic rogha a dhéanamh idir múinteoirí láncháilithe ar bheagán Gaeilge, agus daoine neamhcháilithe a bhí ábalta feidhmiú go héifeachtach trí Ghaeilge.

<sup>13</sup> Ó na staitisticí atá ag na coláistí oideachais is cosúil go mbíonn in aon bhliain réamhsheirbhíse thart ar 120 mac léinn de bhunús na Gaeltachta/Gaelscolaíochta. Tá siad seo scaipthe ar na coláistí trí chéile.

<sup>14</sup> Tá cúrsaí iarchéime i gColáiste Phádraig, i gColáiste Mhuire gan Smál Luimneach, i gColáiste Mhuire Marino, agus sa Choláiste Froebel. Tá cúrsaí Hibernia dírithe ar mhic léinn iarchéime freisin.

### Níl an freastal réamhsheirbhíse do na Gaelscoileanna sásúil ar aon bhealach.

Is léir go bhfuil iliomad deacrachtaí ag an léibhéal réamhsheirbhíse maidir leis an soláthar is gá a chur ar fáil dóibh siúd a bheidh ag múineadh i nGaelscoil:

1. níl aon choláiste sa Deisceart ag soláthar cúrsa go hiomlán trí Ghaeilge, ná cúrsaí a fhreastalaíonn go príomha ar na scoileanna lán-Ghaeilge agus ar na scoileanna Gaeltachta.
2. tá cúrsa i gColáiste Mhuire Béal Feirste a dhíríonn ar Ghaelscoileanna amháin, agus a reachtáiltear trí Ghaeilge amháin. Is mó iarrthóirí ná áiteanna a bhíonn i gcónaí don chúrsa seo, iarrthóirí ón Deisceart san áireamh. Gearrtar uasmhéid áiteanna ar an gcúrsa de réir an soláthar is gá chun freastal ar Ghaelscoileanna an Tuaiscirt amháin.
3. tá dlús maith in iomlán na mac léinn ó na Gaeltachtaí agus ó chúlra iarbhunscolaíochta lán-Ghaeilge sna coláistí oideachais trí chéile, ach toisc iad a bheith scaipthe ar na coláistí uile is deacair an fócas oibre is gá a sholáthar chun iad a dhírú ar chúrsaí réamhsheirbhíse trí Ghaeilge do Ghaelscoileanna agus do scoileanna Gaeltachta<sup>13</sup>.
4. Tá cúrsaí iarchéime ar fáil a chiallaíonn go gcáilítear breis agus 400 mac léinn iarchéime don bhunoideachas gach bliain<sup>14</sup>. Bíonn céim sa Ghaeilge ag thart ar 40% de na mic léinn seo, agus an-spéis sa Ghaeilge ag cuid mhaith acu. Níl aon eagrú ar leith, laistigh den iomlán, a chiallódh go bhféadfaí díriú ar an nGaelscolaíocht leo siúd ar mhaith leo múineadh i nGaelscoileanna.
5. Níl modúil iomlána sna coláistí oideachais a ullmhaíonn mic léinn trí Ghaeilge do chleachtadh múinteoireachta i nGaelscoileanna ná i scoileanna Gaeltachta. Ní chothaíonn sé seo bunús muiníneach dóibh siúd ar mian leo tabhairt faoin nGaelscolaíocht.
6. Tá 60% de mhúinteoirí na nGaelscoileanna nach mbíonn taithí foghlama trí Ghaeilge acu féin. Luíonn sé le réasún go mbeadh fáil ar chúrsaí réamhsheirbhíse a dhíríonn go speisialta ar ghnéithe na teangeolaíochta den oideachas dátheangach. Tá soláthar áirithe – ach é teoranta – ar roinnt de na cúrsaí réamhsheirbhíse ach is é an tuairim láidir a eascraíonn ón suirbhé ná gur gá cur go mór leis an saothar seo.
7. Aithníonn príomhoidí nach mbaineann na fadhbanna seo leis na coláistí amháin. Is gá do na coláistí na tacaí i bhfoirm struchtúr, achmhainní agus tola a bheith ar fáil chun cuidiú leo freastal mar is cuí ar an nGaelscolaíocht.

### Is ábhar imní an líon múinteoirí atá ag fágáil na nGaelscoileanna, agus go háirithe an méid acu siúd atá ag roghnú 'gnáthscoil' nuair a fhágann siad.

Tá sé seo ag eascairt ó na fíricí staitistiúla a d'eascair ón suirbhé. Níl míniú iomlán ar na cúiseanna a bhaineann leis seo, agus b'fhiú iniúchadh breise a dhéanamh ar an scéal.

### Tá príomhoidí nuacheaptha i roinnt mhaith Gaelscoileanna nach mbíonn mórán taithí acu mar mhúinteoirí sula gceaptar mar phríomhoidí iad.

Ról an-chuimsitheach, agus an-dúshlánach a bhíonn ag an bpríomhoide. Tá cosúlacht ón eolas a cuireadh ar fáil go bhfuil dúshlán bhreise in earnáil na Gaelscolaíochta dóibh siúd a cheaptar mar phríomhoidí agus cuid acu ar bheagán taithí sa mhúinteoireacht trí chéile, agus sa Ghaelscolaíocht go speisialta.

### Is beag fáil atá ar chúrsaí inseirbhíse, ná ar chúrsaí forbartha gairimiúla eile, a fhreastalaíonn ar shainriachtanais mhúinteoirí na nGaelscoileanna.

Chun forbairt ghairmiúil inseirbhíse na mhúinteoirí agus na bpríomhoidí a dhéanamh caithfear freastal ar réimsí riachtanas: cuid acu sin a bhíonn leanúnach, agus sainriachtanais eile a

bhaineann go díreach le forbairt theagaisc / fhoghlama sna Gaelscoileanna. Tá riachtanais ann freisin maidir le cúrsaí ar shaibhriú teanga do roinnt múinteoirí sna Gaelscoileanna. Is léir bearna sa soláthar ach níor mhór eolas breise a bhailiú ar an ngnó seo ionas gur féidir díriú ar na tacaí inseirbhíse is fearr a chuideoidh leis na múinteoirí.

**Níl an Ghaeilge mar mháthairtheanga, ná mar theanga scoile, ná mar mheán foghlama ar an gcúrsa réamhsheirbhíse, ag formhór na múinteoirí a bhíonn ag obair sna Gaelscoileanna.**

Tá 60% de mhúinteoirí na nGaelscoileanna nár fhreastail ar Ghaelscoil ná ar scoil Ghaeltachta iad féin. Is dócha go bhfuil idir 40%-70% de mhúinteoirí na nGaelscoileanna nach í an Ghaeilge a máthairtheanga. Ciallaíonn sé seo go bhfuiltear ag brath i bhfad níos mó ar ullmhúchán réamhsheirbhíse agus ar thacaíocht inseirbhíse chun freastal mar is cuí ar riachtanais na múinteoirí, agus ar ndóigh ar riachtanais na Gaelscolaíochta trí chéile.

**Ní léir aon chlár rochtana dóibh siúd ó chúlra na Gaelscolaíochta nó ón nGaeltacht a bhfuil míbhuntáiste teanga nó eile acu, agus ar mhaith leo oiliúint bunmhúinteoireachta a fháil.**

Tá clár rochtana a fhreastalaíonn ar mhic léinn faoi mhíbhuntáiste chun iad a thabhairt – le tacaíocht chuí – slán isteach ar chúrsaí réamhsheirbhíse don bhunmhúinteoireacht. Níl a leithéid ar fáil do Ghaeilgeoirí agus níl aon athrú tagtha ar thacaíocht bhreise a chinnteodh áiteanna ar leith dóibh siúd a bhfuil lánchumas acu sa Ghaeilge. Deir na coláistí oideachais gur deacair uaireanta an cuóta Gaeltachta a líonadh toisc bearna rómhór sna pointí, ach ní heol aon chlár rochtana ar fáil do mhic léinn Ghaeltachta a laghdódh an bhearna sin.

**Tá líon an-mhór de na Gaelscoileanna nach bhfuil láthair scoile acu go fóill.**

Tá míniú áirithe ar an bhfigiúir seo i ngeall ar an bhfás a leanann leis na Gaelscoileanna, ach tá 35 scoil a bunaíodh roimh an mbliain 2000 agus a dúirt nach raibh suíomh seasta scoile acu. Is cinnte go bhféadfadh a leithéid laghmhisneach a chur ar mhúinteoirí atá cheana féin ag plé le dúshlán na teanga agus d'fhéadfadh tionchar a bheith aige seo ar an líon múinteoirí a roghnaíonn gan dul ag obair i nGaelscoil.

**Tá eagsúlachtaí tíreolaíocha ag baint le géarchéim na nGaelscoileanna.**

Tá sé soiléir ón eolas staitistiúil a cuireadh ar fáil nach ionann léibhéal na géarchéime i ngach cuid den tír. Tá fadhbanna ann i ngach ceantar, ach is measa ceantair áirithe ná ceantair eile, m.sh. is mó an léiriú atá ar ghéarchéim i mBaile Átha Cliath ná mar atá i Luimneach agus i nGaillimh. Tá 29 Gaelscoil i mBaile Átha Cliath agus iad in iomaíocht le chéile do mhúinteoirí; níl ach sé scoil i Luimneach agus iad uile gar go leor do Choláiste Oideachais Luimní mar a ndéantar freastal ar roinnt mhaith mac léinn Ghaeltachta; i gcás na Gaillimhe tá múinteoirí ó na coláistí uile ar de bhunús Gaeltachta na Gaillimhe iad agus cuid acu ag súil le filleadh i dtreo a gceantair dhúchais, rud a chuidíonn le soláthar múinteoirí do na Gaelscoileanna i nGaillimh.

**Ní léir aon phleanáil stráitéiseach a thugann go fadtréimhseach faoin bhfreastal is gá chun riachtanais i soláthar múinteoirí don Ghaelscolaíocht a shásamh.**

Tagann athruithe ar an líon ábhar oidí réamhsheirbhíse agus inseirbhíse a cheadaíonn an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar na cúrsaí d'oiliúint mhúinteoirí. Ní dhéantar aon mhionscagadh ar riachtanais de chineálacha éagsúla m.sh., riachtanais na Gaelscolaíochta agus na scoileanna Gaeltachta, ach ardaítear líon iomlán na n-áiteanna má bhíonn easpa san fháil a bhíonn ar bhunmhúinteoirí. Tá fás i bhfad níos treise mar choibhneas ar na scoileanna nua gur

Gaelscoileanna iad ná mar atá ar aon rannóg scolaíochta eile. Ina ainneoin seo níl aon ardú tagtha ar an gcuóta Gaeltachta, ná aon chuóta do mhic léinn le cúlra Gaelscolaíochta, ná aon bhealach eile le feabhas a chur ar an líon múinteoirí le cumas agus spéis sa Ghaelscolaíocht.

### **Is léir gur gnóthaí ilréimseacha is cúis leis an ngéarchéim i soláthar múinteoirí lánoilte le Gaeilge do na Gaelscoileanna.**

Tá fianaise ann a léiríonn gur mó ná freagra amháin atá mar mhíniú ar an ngéarchéim i soláthar múinteoirí. Tá réimsí éagsúla mar bhunús le dúshlán na hearcaíochta agus is léir gur gá tabhairt go córasach faoin réimse uile cúiseanna chun soláthar múinteoirí d'earnáil na Gaelscolaíochta a fheabhsú.

### **5.3 Moltaí**

Eascaíonn moltaí go soiléir ón iomlánú atá tugtha go dtí seo ar na príomhthorthaí agus ar na conclúid. Luaite thíos tá moltaí ar leith a thrasnaíonn an réimse atá luaite thuas, ach a chuideodh, b'fhéidir, le buanathrú suntasach a chruthú do sholáthar na múinteoirí sna Gaelscoileanna (agus fresin sna scoileanna Gaeltachta).

1. Go ndéanfaí pleanáil stráitéiseach a chruthódh bunachar sonraí staistiúil ar an éileamh bliantúil do mhúinteoirí sna Gaelscoileanna agus sna scoileanna Gaeltachta. Go gcinnteofaí nach lú ná an íosmhéid an líon mac léinn le cúlra Gaelscolaíochta/Gaeltachta a chlárófaí go bliantúil ar na cúrsaí réamhsheirbhíse sna coláistí oideachais.
2. Go ndéanfaí iniúchadh ar an líon mac léinn iarchéime a bhfuil an Ghaeilge mar ábhar céime acu nó a bhfuil cúlra Gaelscolaíochta / Gaeltachta acu. Go bhfiosrófaí le cúrsa amháin de na cúrsaí iarchéime a sholáthar go hiomlán trí Ghaeilge do na mic léinn seo agus go bhfreastalódh an cúrsa ar shainriachtanais na Gaelscolaíochta, mar aon le freastal ar riachtanais an uile chineáil scoile. Go mbeadh de dhifriocht ag an gcúrsa seo gur Diplóma Iarchéime sa Bhunoideachas agus sa Ghaelscolaíocht a bhronnfaí ar mhic léinn, seachas an Diplóma Iarchéime sa Bhunoideachas a bhronntar de ghnáth.
3. Go gcruthófaí scáth-phlean do chúrsa réamhsheirbhíse oiliúna a d'fhreastalódh trí Ghaeilge ar riachtanais na Gaelscolaíochta agus na Gaeltachta agus go ndéanfaí na féidearthachtaí agus na constaic a bhaineann lena leithéid a rianadh. Go léireofaí na costais a bhainfeadh lena leithéid, an láthair is fearr a d'oirfeadh, agus an próiseas roghnaithe do mhic léinn. Go bhfiosrófaí maidir leis na féidearthachtaí a bheadh ann mic léinn na Gaelscolaíochta agus na Gaeltachta a thabhairt le chéile ar a leithéid de chúrsa chun dlús teagaisc agus foghlama a chruthú a d'fhreagródh do shainriachtanais na Gaelscolaíochta agus a d'ardódh caighdeáin Ghaeilge na múinteoirí i ngach cineál scoile, ach sa Ghaelscolaíocht go speisialta.
4. Go bhféachfaí le soláthar a dhéanamh ar fhorbairt ghairmiúil a dhíreodh go speisialta ar mhúinteoirí na nGaelscoileanna. Go bhfiosrófaí na féidearthachtaí maidir le hArd-Diplóma sa Ghaelscolaíocht a sholáthar mar rogha inseirbhíse do mhúinteoirí; go bhféadfaí tabhairt faoin gcúrsa seo ar bhonn céimneach, agus go bhféadfaí é seo a bheith mar chéad chéim ar chúrsa iarchéime – an Mháistreacht sa Ghaelscolaíocht.
5. Go ndéanfaí teagmháil le Líonraí Phríomhoidí Bunscoile Éireann (LPBÉ/IPP) agus le Forbairt Ceannródaíocht i Scoileanna (FCS/LDS) chun idirphlé breise a dhéanamh maidir leis na sainriachtanais pleanála, forbartha, tacaíochta is gá de phríomhoidí nuacheaptha na nGaelscoileanna, agus lena chinntiú go mbíonn fáil trí Ghaeilge ar an bhforbairt ghairmiúil is gá dóibh ionas gur féidir leo éifeacht an phoist a chur i bhfeidhm.



6. Go ndéanfaí gan mhoill na struchtúir is gá a éileamh ó choláistí oideachais, ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta, agus ó ranna eile de réir mar a oireann, ionas go bhféadfadh mic léinn réamhchéime bliain iomlán dá gcúrsa a chaitheamh ar scéim 'Erasmus' d'oiliúint mhúinteoirí sa Ghaeltacht.
7. Go bhféachfaí le gearrchursaí ar chruinneas labhartha agus scríofa na Gaeilge a dhearadh doibh siúd ar mian leo freastal orthu, agus gur ar léibhéil Ghaeilge na múinteoirí sna Gaelscoileanna a bheifí ag díriú; go ndéanfaí na cúrsaí seo a sholáthar ar an mbealach is praiticiúla a d'oirfeadh do mhúinteoirí na nGaelscoileanna, nó dóibh siúd ar mian leo ullmhú don Ghaelscolaíocht.
8. Go ndéanfaí teagmháil leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, le Líonra Phríomhoidí Bunscoile Éireann, agus le páirtithe eile de réir mar is gá chun tuairisciú a fháil ar an féidearthachtaí atá ann, dar leo, 'gnáthscoileanna' a ghaelú, nó fiú Gaelscoileanna a fhorbairt ó scoileanna seanbhunaithe, rud a chuideodh le teacht thar roinnt de na cruacheisteanna earcaíochta agus eile a bhaineann leis an bhfás as an nua ar Ghaelscoileanna.

Tá sé luaite mar cheann de na conclúidí gur cúiseanna ilréimseacha atá mar bhunús leis an ngéarchéim i soláthar múinteoirí do na Gaelscoileanna. Sa tslí chéanna, beidh gá le cur chuige ilghnéitheach agus le réimsí éagsúla feabhais – mar atá molta thuas - chun dul i ngleic leis na heaspaí atá léirithe i soláthar na múinteoirí is gá don Ghaelscolaíocht.

## An chéad litir a cuireadh leis an suirbhé chuig Príomhoidí

17 Feabhra 2006

A Phríomhoide, a chara,

Mar is eol duit rinne An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta mórthaighde ar Staid Reatha Scoileanna Gaeltachta agus foilsíodh torthaí na tuarascála i Mí na Samhna 2004. Chuidigh na torthaí a aimsíodh bunús eolaíoch a chur le tuairimíocht a bhí ar fáil go forleathan. Ceann de na nithe a d'eascair ón taighde ná na deacrachtaí móra a bhí ag bunscoileanna agus ag iarbunscoileanna na Gaeltachta teacht ar mhúinteoirí cáilithe chun na folúntais a bhíonn acu a líonadh. Trí dheacracht faoi leith a bhí le sonrú ó scoileanna na Gaeltachta:

Gan dóthain múinteoirí oilte a bheith ar fáil a bhfuil spéis acu obair sa Ghaeltacht

Gan dóthain múinteoirí a bheith ar fáil a bhfuil a gcumas Gaeilge sách maith le dul ag múineadh trí Ghaeilge sa Ghaeltacht

Gan ullmhúchán mar is gá do mhúineadh trí Ghaeilge sa Ghaeltacht a bheith ar fáil i gcúrsaí réamhoiliúna múinteoireachta na múinteoirí

Tuigtear freisin go bhfuil géarchéim in earnáil na gaelscolaíochta maidir le soláthar múinteoirí agus is mian leis an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta dul i ngleic leis an bhfadhb seo. Chuige sin, ní mór eolas cruinn a bhailiú maidir leis an réimse áirithe seo de ghnóthaí na gaelscolaíochta.

Iarrtar ort dá réir sin an suirbhé atá á chur chugat anois a líonadh isteach agus a sheoladh ar ais sa chlúdach poist atá curtha ar fáil duit. Tá sé tabhachtach go mbíonn an t-eolas a thugann tú bunaithe ar bhunachar sonraí na scoile do Mhí Feabhra 2006. Tá sé tabhachtach freisin go mbeadh na ceistneoirí ar ais san oifig seo faoi 8 Márta 2006 ar a dhéanaí.

Chun lán-éifeacht a chur lena bhfuil i gceist ag an gComhdháil um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta is den riachtanas é go ndéanfadh gach scoil an ceistneoir a fhreagairt agus a chur ar ais in am. Más mian leat cur lena bhfuil á lorg i bhfoirm ráitis breise tá fáilte romhat sin a dhéanamh ar leathanach ar leith. Más spéis leat páirt a ghlacadh amach anseo i bhfóram plé ar an ábhar ar leith seo is féidir leat freisin é sin a chur in iúl.

Mar thaca breise duit cuifear an ceistneoir seo chugat go leictreonach má ta sonraí ríomhphoist ar fáil againn don scoil, agus is féidir leat é a líonadh isteach agus a sheoladh ar ais go leictreonach más é sin is fearr a oireann duit.

Bheinn buíoch dá ndéanfá bord bainistíochta na scoile a chur ar an eolas faoina bhfuil i gceist leis an obair seo, agus a dtacaíocht a fháil maidir leis na sonraí cuí a sholáthar. Má tá aon tacaíocht bhreise á lorg agat, nó aon soiléiriú breise de dhíth ort, ní gá ach teagmháil a dhéanamh le xxxxx ag xxxxx nó teachtaireacht ríomhphoist a sheoladh chuig xxxxxx

Gabhaim buíochas leat as ucht do dhíograis sa ghnó seo

Le dea-mhéin

**Caoimhe Máirtín**

Cóip den suirbhé a dáileadh ar Phríomhoidí

## Soláthar múinteoirí do na Gaelscoileanna

Ceistiúchán Eolais ar an Staid Reatha  
Uimhir Thagartha: Ceistneoir do na  
Bunscoileanna Lán-Ghaeilge

## I. Eolas Faoi Chúlra na Scoile agus na Múinteoirí

- (a) An Bhliain a bunaíodh an Scoil: \_\_\_\_\_ Líon na nDaltaí \_\_\_\_\_  
 Líon Iomlán na nOidí (+ príomhoide) \_\_\_\_\_ Fir \_\_\_\_\_ Mná \_\_\_\_\_  
 Cé mhéad duine de na múinteoirí seo nach bhfuil lán-cháilithe? \_\_\_\_\_  
 Cé mhéad folúntas eile sa scoil nach bhfuil líonta faoi láthair? \_\_\_\_\_

(b) **Proifíl na Scoile:**

Cuir tic le haon cheann díobh seo a leanas a dhéanann cur síos ar phroifíl do scoile

Scoil tuaithe  Scoil chathrach  Scoil Ghaeltachta/bhrecGhaeltachta

Scoil faoi mhíbhuntáiste  Scoil gan suíomh/láthair/foirgneamh seasta

Is i nGaeilge amháin a dhéantar gach gné den mhúinteoireacht sa scoil seo

Bíonn Béarla mar mheán teagaisc ag amanna áirithe (seachas múineadh an Bhéarla)

(c) **Proifíl Ginearálta na Foirne** [Mionsonraí breise á lorg i gCuid 2]:

As an líon iomlán oidí atá luaite agat i gceist 1(a) thuas tabhair móriomlán na staitisticí seo a leanas

Líon múinteoirí a d'fhreastail ar bhunscoil Ghaeltachta mar dhalta \_\_\_\_\_

Líon múinteoirí a d'fhreastail ar bhunscoil lán-Ghaeilge mar dhalta \_\_\_\_\_

Líon múinteoirí a d'fhreastail ar bhunscoil de chineál eile mar dhalta \_\_\_\_\_

**IOMLÁN (mar atá luaite agat i 1(a) thuas)** \_\_\_\_\_

Líon múinteoirí a d'fhreastail ar mheánscoil Ghaeltachta mar dhalta \_\_\_\_\_

Líon múinteoirí a d'fhreastail ar mheánscoil lán-Ghaeilge mar dhalta \_\_\_\_\_

Líon múinteoirí a d'fhreastail ar mheánscoil de chineál eile mar dhalta \_\_\_\_\_

**IOMLÁN (mar atá luaite agat i 1(a) thuas)** \_\_\_\_\_

Líon múinteoirí a d'fhreastail ar mheánscoil Ghaeltachta mar dhalta \_\_\_\_\_

Líon múinteoirí a d'fhreastail ar mheánscoil lán-Ghaeilge mar dhalta \_\_\_\_\_

Líon múinteoirí a d'fhreastail ar mheánscoil de chineál eile mar dhalta \_\_\_\_\_

**IOMLÁN (mar atá luaite agat i 1(a) thuas)** \_\_\_\_\_

Líon múinteoirí a thosaigh sa scoil seo idir 2003-2005 \_\_\_\_\_

Líon múinteoirí a thosaigh sa scoil seo idir 2000-2003 \_\_\_\_\_

Líon múinteoirí a thosaigh sa scoil seo idir 1995-2000 \_\_\_\_\_

Líon múinteoirí a thosaigh sa scoil roimh 1995 \_\_\_\_\_

**IOMLÁN (mar atá luaite agat i 1(a) thuas)** \_\_\_\_\_

Líon múinteoirí a cháiligh i gColáiste Phádraig, Droim Conrach \_\_\_\_\_

Líon múinteoirí a cháiligh i gColáiste Mhuire gan Smál, Luimneach \_\_\_\_\_

Líon múinteoirí a cháiligh i gColáiste Dhún Chéirigh, Carraig Dhubh \_\_\_\_\_

Líon múinteoirí a cháiligh i gColáiste Mhuire, Marino \_\_\_\_\_

Líon múinteoirí a cháiligh i gColáiste Froebel, An Charraig Dhubh \_\_\_\_\_

Líon múinteoirí a cháiligh i gColáiste Eaglais na hÉireann, Rath Maonaois \_\_\_\_\_

Líon múinteoirí a cháiligh i gColáiste Mhuire Béal Feirste \_\_\_\_\_

Líon múinteoirí a cháiligh ar chúrsa Hibernia \_\_\_\_\_

Líon múinteoirí a cháiligh in áit /ar bhealach éigin eile \_\_\_\_\_

Líon múinteoirí neamhcháilithe \_\_\_\_\_

**IOMLÁN (mar atá luaite agat i 1(a) thuas)** \_\_\_\_\_

#### **MÚINTEOIRÍ ATÁ IMITHE ÓN SCOIL:**

Líon múinteoirí lán-cháilithe a d'fhág an scoil seo idir 2000 – 2005 \_\_\_\_\_

Maidir le haon mhúinteoir atá imithe ón scoil déan cur síos do gach duine acu ar an áit ina ndeachaigh siad (m.sh. Beirt mhúinteoirí imithe go scoileanna Gaeltachta, múinteoir imithe thar lear, múinteoir imithe mar phríomhoide go scoil lán-Ghaeilge eile srl)

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

**AN PRÍOMHOIDE:** An bhliain a oileadh thú: \_\_\_\_\_ Coláiste: \_\_\_\_\_

An bhliain a fostaíodh thusa mar phríomhoide sa scoil \_\_\_\_\_

An raibh tú ag obair sa scoil seo sular ceapadh mar phríomhoide thú \_\_\_\_\_

Cén cúlra scolaíochta atá agat féin (gaelscoil / Gaeltacht srl)? \_\_\_\_\_

## 2.Eolas faoi Fhoireann na Scoile

(d) Stádas an Phríomhoide Riarachán amháino Riarachán & Teagasco

(e) Stádas agus líon na múinteoirí ranga sa scoil

	Buan	Sealadach	Ionadaíoch	Iomlán
Líon Múinteoirí ranga cáilithe				
Líon daoine ag teagasc ranga nach múinteoirí cáilithe iad				
Iomlán				

(f) Comhaltaí eile foirne

Foireann	Líon (a)Múinteoirí cáilithe (b)Daoine nach bhfuil cáilithe	Máthairscoil an mhúinteora/ an chomhordaitheor (Má tá an post roinnte)	Scoileanna eile ar an múinteoir /comhordaitheoir (Má tá an post roinnte)	Líon uaireanta atá ceadaithe don scoil	Stádas Fostaíochta (a)Buan (b)Sealadach (c)Ionadaíoch (d)Lánama (e)Páirtama
Múinteoir tacaíochta foghlama	(a)= (b)=				
Múinteoir acmhainne Múinteoir teagmhála scoil/ baile	(a)= (b)=				
Comhordaitheoir cláir (Tabhair sonraí):	(a)= (b)=				
Cúntóirí Riachtanais Speisialta					
Cúntóirí Teanga					
Rúnaí nó cúntóirí riaracháin eile					
Foireann aire/ slándála					
Eile (Tabhair sonraí):					

**(g) Comhaltaí buana foirne atá in easnamh ón scoil**

	Líon agus stádas (mar shampla, príomhoide, múinteoir ranga &rl.) <sup>15</sup>
Comhaltaí foirne ar shos gairme	
Comhaltaí foirne ar iasacht (Tabhair sonraí):	
Eile, mar shampla, saoire mháithreachais (Tabhair sonraí):	
Iomlán	

<sup>15</sup> Mura bhfuil dóthain spáis anseo, is féidir tuilleadh eolais a chur ar fáil ar chúil an leathanaigh

**(h) Poist fhreagrachta sa scoil**

	Líon	Líon na bpost freagrachta sa scoil
		Tabhair sonraí faoi dhualgais/fhreagrachtaí anseo
Príomhoide ionaid		
Príomhoidí cúnta		
Múinteoirí le dualgais speisialta (Poist fhreagrachta)		

**(i) Gnáth-theanga chaidrimh na múinteoirí i dtimpeallacht na scoile**  
(mar shampla, sa seomra foirne).

Gaeilge amháin	Gaeilge den chuid is mó	Meascán de Bhéarla agus Gaeilge, ach níos mó Gaeilge ná Béarla	Meascán de Bhéarla agus Gaeilge, ach níos mó Béarla ná Gaeilge	Béarla den chuid is mó	Béarla amháin

**(j) Gnáth-theanga chaidrimh na múinteoirí ag cruinnithe le tuismitheoirí**  
 (mar shampla, cruinnithe faoi ócáidí ar leith ar nós an chéad chomaoineach, dul faoi lámh an easpaig &rl.).

Gaeilge amháin	Gaeilge den chuid is mó	Meascán de Bhéarla agus Gaeilge, ach níos mó Gaeilge ná Béarla	Meascán de Bhéarla agus Gaeilge, ach níos mó Béarla ná Gaeilge	Béarla den chuid is mó	Béarla amháin

**(k) Próifíl aoise na múinteoirí**  
 Cé mhéad de na múinteoirí uile (cáilithe) atá sna haoisghrúpaí seo a leanas (ná cuir múinteoirí a bhfuil scoil eile mar mháthairscoil acu san áireamh anseo):

Faoi bhun 30 bliain	Idir 30 agus 40 bliain	Idir 41 agus 50 bliain	Idir 51 agus 55 bliain	Idir 56 agus 60 bliain	Idir 61 agus 65 bliain

**(l) Earcaíocht mhúinteoirí**  
 (Is ionann folúntas agus an scoil a bheith i dteideal múinteora ach gan múinteoir lán-oilte ar fáil)

(i) An bhfuil folúntas sa scoil faoi láthair? Tá  Níl

**Má tá, cé mhéad mí atá an folúntas gan líonadh?** \_\_\_\_\_

Má tá an folúntas ann níos faide ná sé mhí, cén chúis a bhfuil moill ar é a líonadh?

\_\_\_\_\_

(ii) Tabhair an t-eolas seo a leanas faoi gach post múinteoireachta a fógraíodh sa scoil le 3 bliana anuas

Scoilbliain	Post a bhí i gceist	Líon iarratais a fuarthas don phost	Ar líonadh an post ar an gcéad iarracht (murar líonadh, abair cén fáth)

**(m) Aon eolas/tuairimí breise faoin mír seo**



### 3. Dearcadh an Phríomhoide Maidir le Gnéithe D'oiliúint agus D'earcú Foirne do na Gaelscoileanna

Léirigh do thuairim ar gach ceann de na ráitis thíos. Cuir tic sa bhosca is oiriúnaí do do thuairim féin i leith gach ráiteas. (Ní leanann na ráitis in aon ord faoi leith).

(a) Ní bhíonn aon ródheacracht ann múinteoirí lán-cháilithe a fháil do na Gaelscoileanna.

Aontaím go láidir  Aontaím  Nílím cinnte  Easaontaím  Easaontaím go láidir

(b) Is mó atá na deacrachtaí múinteoirí a fháil do na Gaelscoileanna ná do scoileanna eile.

Aontaím go láidir  Aontaím  Nílím cinnte  Easaontaím  Easaontaím go láidir

(c) Tá sé deacair múinteoirí ón Ghaeltacht a fhostú toisc gur fearr leo obair sa Ghaeltacht.

Aontaím go láidir  Aontaím  Nílím cinnte  Easaontaím  Easaontaím go láidir

(d) Táim sásta go bhfuil na coláistí oiliúna ag freastal mar is gá ar earnáil na Gaelscolaíochta.

Aontaím go láidir  Aontaím  Nílím cinnte  Easaontaím  Easaontaím go láidir

(e) Tá roinnt múinteoirí sa scoil seo nach bhfuil caighdeán sásúil Gaeilge acu.

Aontaím go láidir  Aontaím  Nílím cinnte  Easaontaím  Easaontaím go láidir

(f) Ba chóir cúrsaí speisialta faoin nGaelscolaíocht a bheith ar fáil i ngach Coláiste Oideachais

Aontaím go láidir  Aontaím  Nílím cinnte  Easaontaím  Easaontaím go láidir

(g) Is mó i bhfad an spéis a bhíonn ag múinteoirí chun obair i nGaelscoil má bhíonn seomraí/láthair scoile nua ann

Aontaím go láidir  Aontaím  Nílím cinnte  Easaontaím  Easaontaím go láidir

(h) Is doiligh múinteoirí a mhealladh chun obair i nGaelscoileanna toisc nach mbíonn fáil ar théacsleabhair.)

Aontaím go láidir  Aontaím  Nílím cinnte  Easaontaím  Easaontaím go láidir

(i) Ní úsáideann na Coláistí Oideachais an scoil seo go rialta do Chleachtadh Múinteoireachta

Aontaím go láidir  Aontaím  Nílím cinnte  Easaontaím  Easaontaím go láidir

(j) Bíonn sé éasca go leor ionadaí le Gaeilge a fháil don scoil seo

Aontaím go láidir  Aontaím  Nílím cinnte  Easaontaím  Easaontaím go láidir

(k) Uaireanta imíonn múinteoirí ón scoil seo go 'gnáthscoil' toisc go mbíonn an post níos éasca

Aontaím go láidir  Aontaím  Nílím cinnte  Easaontaím  Easaontaím go láidir

**(l) Tá sé tábhachtach go mbeadh modúl ann faoi Ghaelscolaíocht ar fáil sna Coláistí Oideachais**

Aontaím go láidir  Aontaím  Níl cinnte  Easaontaím  Easaontaím go láidir

**(m) Tá caighdeán na Gaeilge sa scoil ag íslíú toisc go bhfuil caighdeán Ghaeilge na múinteoirí íslithe.**

Aontaím go láidir  Aontaím  Níl cinnte  Easaontaím  Easaontaím go láidir

**(n) Níl baint ag géarchéim na hearcaíochta i nGaelscoileanna leis na cúrsaí oiliúna**

Aontaím go láidir  Aontaím  Níl cinnte  Easaontaím  Easaontaím go láidir

**(o) Táimse inníoch mar phríomhoide faoi chruinneas scríofa Gaeilge roinnt de na múinteoirí.**

Aontaím go láidir  Aontaím  Níl cinnte  Easaontaím  Easaontaím go láidir

**(p) Uaireanta ní bhíonn an dara rogha agam ach ionadaí ar bheagán Gaeilge a fhostú.**

Aontaím go láidir  Aontaím  Níl cinnte  Easaontaím  Easaontaím go láidir

**(q) Is fearr ionadaí lán-cháilithe gan Gaeilge a fhostú ná duine neamhcháilithe le Gaeilge**

Aontaím go láidir  Aontaím  Níl cinnte  Easaontaím  Easaontaím go láidir

**(u) Fágaimse an rang gan ionadaí seachas múinteoir lán-cháilithe ar bheagán Gaeilge a fhostú**

Aontaím go láidir  Aontaím  Níl cinnte  Easaontaím  Easaontaím go láidir

**(r) Ba chóir Ard-Diplóma sa Ghaelscolaíocht a bhunú agus liúntas breise a bheith ag dul leis**

Aontaím go láidir  Aontaím  Níl cinnte  Easaontaím  Easaontaím go láidir

**(s) Is í an Ghaeilge teanga chumarsáide na foirne seo agus iad le chéile lasmuigh den scoil**

Aontaím go láidir  Aontaím  Níl cinnte  Easaontaím  Easaontaím go láidir

**(t) Tá fás róthapa tagtha ar an ngaelscolaíocht agus tá deacrachtaí ann, dá réir, múinteoirí a fháil**

Aontaím go láidir  Aontaím  Níl cinnte  Easaontaím  Easaontaím go láidir

## Aguisín 3

## Liosta na nGaelscoileanna a chuir eolas ar fáil don tuairisc seo

Gaelscoil Bheirne	Bóthar an Iarnróid, Co. an Cabháin
Scoil Náisiúnta Iosaf Naofa	An Mhaigh, Leacht Uí Chonchubhair, Inis, Co. an Chláir
Gaelscoil Mhichíl Chíosóig	Gleann Aibhne, Bóthar an Ghoirt, Inis, Co. an Chláir
Gaelscoil Uí Choimín	Cill Rois, Co. an Chláir
Gaelscoil an Teaghlaigh Naofa	Bóthar na mBuaircíní, Baile Feitheán, Corcaigh
Gaelscoil Naomh Thérese	Páirc Bhaile an Easpaig, Baile an Easpaig, Corcaigh
Gaelscoil Uí Riada	Bealach an Chairdinéil, Wilton, Baile an Easpaig, Corcaigh
Gaelscoil an Athar Tadhg	Bóthar Theas na Dúglaise, Dúglas, Corcaigh
Gaelscoil Mhachain	Teach Rinn Mhachain, An Charraig Dhubh, Corcaigh
Gaelscoil an Ghoirt Álainn	Aibhinne Murmont, Gort Álainn, Corcaigh
Scoil na nÓg	Gleann Maighir, Corcaigh
Gaelscoil Choráin	Sráid na Trá, Eochail, Co. Chorcaí
Gaelscoil Uí Ríordáin	Cúl Rua, Baile an Chollaigh, Co. Chorcaí
Gaelscoil de hÍde	Áit Briscoe, Mainistir Fhearmaí, Co. Chorcaí
Gaelscoil Charraig Uí Leighin	Bóthar Chorcaí, Carraig Uí Leighin, Corcaigh
Gaelscoil Thomáis Dáibhís	Cnoc an tSamhraidh, Maigh Ealla, Co. Chorcaí
Gaelscoil Uí Éigeartaigh	Carraig an Fhia, An Cóbh, Co. Chorcaí
Gaelscoil Bheanntaí	An Príomhshráid, Beanntaí, Co. Chorcaí
Gaelscoil Chloch na gCoillte	An Scartagh, Cloch na gCoillte, Co. Chorcaí
Gaelscoil Dhroichead na Banndan	Palún C.L.Ghael, Droichead na Banndan, Co. Chorcaí
Gaelscoil Mhainistir na Corann	Ionad an Phobail, Mainistir na Corann, Co. Chorcaí
Gaelscoil Mhuscraí	f/ch Gaelscoil Chloch na gCoillte
Gaelscoil Adhamhnáin	Gleann Cearra, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall
Gaelscoil na gCeithre Máistrí	Droim Cliabh, Baile Dhún na nGall, Co. Dhún na nGall
Gaelscoil Bhun Cranncha	Ascaill an Chaisleáin, Bun Chranncha, Co. Dhún na nGall
Gaelscoil Cois Feabhail	Carnagarve, Bun an Phobail, Co. Dhún na nGall
Gaelscoil Éirne	Fearann an Bhaile, Béal Átha Seanaidh, Co. Dhún na nGall
Scoil Chrónáin	Príomh Sráid, Ráth Cúil, Co. Bhaile Átha Cliath
Scoil Santáin	Bóthar na hAbhann Móire, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24
Gaelscoil Chluain Dolcáin	Bóthar Nangor, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22
Gaelscoil Naomh Pádraig	Bóthar an Chaisleáin, Leamhcán, Co. Bhaile Átha Cliath
Gaelscoil na Camóige	f/ch Áras Chrónáin, Bóthar an Úllóird, Cluain Dolcáin, BÁC 22
Gaelscoil Chnoc Liamhna	Sean-Bhóthar Chnoc Liamhna, Cnoc Liamhna, Baile Átha Cliath 16
Gaelscoil Eiscir Riada	f/ch Áras CLG na Sáirséalaigh, 12ú Loc, Leamhcán, Co. BÁC
Scoil Bhríde	Bóthar Feadh Cuilinn, Raghmallach, Baile Átha Cliath 6
Scoil Mobhí	Bóthar Mobhí, Glas Naíon, Baile Átha Cliath 9
Scoil an tSeachtar Laoch	Bóthar Bhaile Munna, Baile Átha Cliath 9
Gaelscoil Míde	Bóthar an Ghleantáin Ghlais, Cill Bharróg, Baile Átha Cliath 5
Scoil Chaoimhín	Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1
Scoil Mológa	Bóthar Thigh Chláir, Cros Araid, Baile Átha Cliath 6W
Gaelscoil Choláiste Mhuire	4 Cearnóg Pharnell, Baile Átha Cliath 1
Gaelscoil Bhaile Munna	187 Bóthar Choultraí, Baile Munna, Baile Átha Cliath 9
Gaelscoil Bharra	f/ch CLG N. Fionnbarra, Ascaill an Fhásaigh, An Chabrach, BÁC 7
Gaelscoil Lios na nÓg	Áras Cullenswood, 21A Bóthar Feadh Cuilinn, Raghmallach, BÁC 6
Gaelscoil Cholmcille	Br. Crestfield, Ascaill Uí Choileáin, Seantrabh, Baile Átha Cliath 9
Gaelscoil Uí Earcáin	Halla WFTRA, Bóthar Uí Mhaoilíosa, Fionnghlas, BÁC 11
Scoil Neasáin	Ascaill Mhic Amhlaoi, Baile Hearman, Baile Átha Cliath 5
Gaelscoil an Duinnínigh	Br Faoldroma, Draighneán, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath
Gaelscoil Bhriáin Bóroimhe	Seanbhaile, Coill na nÚll, Bóthar Chill Dhéagláin, Sord, Co. BÁC
Scoil Lorcáin	Cearnóg Eaton, Baile na Manach, Co. Bhaile Átha Cliath
Scoil Naithí	Bóthar Átha Leathain, Baile an tSaoir, Baile Átha Cliath 16
Gaelscoil Thaobh na Coille	Club Rugbaí, De La Salle Palmerston, Cill Tiarnáin, BAC 18

Gaelscoil Phádraig	Ascaill Shileann, Baile Breac, Co. Bhaile Átha Cliath
Gaelscoil Dara	Bóthar Bhaile Átha Cliath, An Rinn Mhór, Gaillimh
Gaelscoil Mhíic Amhlaigh	An Coimin Mór, Cnoc na Cathrach, Gaillimh.
Scoil Uí Cheithearnaigh	Céide Ghearrbhaile, Béal Átha na Slua, Gaillimh
Gaelscoil de hÍde	Bóthar an Phortaigh, Uarán Mór, Co. na Gaillimhe
Gaelscoil Riabhach	Cois Carraige, Baile Locha Riach, Gaillimh
Gaelscoil Iarfhlaitha	f/ch Ionad Pobail, Sráid an Easpaig, Tuaim, Co. na Gaillimhe
Gaelscoil Mhíic Easmainn	Ráth Rónáin, Trá Lí, Co. Chiarraí
Gaelscoil Faithleann	An Pháirc, Cill Airne, Co. Chiarraí
Gaelscoil Lios Tuathail	Bóthar na Leabharlainne, Lios Tuathail, Co. Chiarraí
Scoil Uí Riada	An Chearnóg, Cill Choca, Co. Chill Dara
Gaelscoil Chill Dara	An Bóthar Glas, An Currach, Co. Chill Dara
Gaelscoil Uí Fhíach	Br. Chill Droichid, Maigh Nuad, Co. Chill Dara
Gaelscoil Nás na Ríogh	Br. Luimnigh, Nás na Ríogh, Co. Chill Dara
Gaelscoil Átha Í	A.F.C. Bhaile Átha Cliath, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Átha Í, Co. CD
Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh	Bóthar Chill Droichid, Léim an Bhradáin, Co. Chill Dara
Gaelscoil Osraí	Loch Buí, Cill Chainnigh
Gaelscoil an tSlí Dála	An Bealach Mór, Burfós Mór Osraí, Co. Laoise
Scoil Náisiúnta Thromaire	Tromaire, Maighean Ratha, Co. Laoise
Gaelscoil Liatroma	f/ch CLG Naomh Muire, Attifinlay, Cora Droma Rúisc, Co. Liatroma
Gaelscoil Sheoirse Clancy	Teach an Choic Theas, Cnoc Theas, Luimneach
Gaelscoil Sairséal	Sráid an Droichid, Luimneach
Gaelscoil an Ráithín	Club Rugbaí Garraí Eoin, Tuar an Daill, Luimneach
Gaelscoil Ó Doghair	Ionad an Phobail, Caisleán Nua Thiar, Co. Luimnigh
Gaelscoil Chaladh an Treoigh	Móin a Lín, Caladh an Treoigh, Co. Luimnigh
Gaelscoil Longfoirt	Fearann Uí Dhuagáin, Longfort
Scoil Aonghusa	Geata an Domhnaigh, Droichead Átha, Co. Lú
Gaelscoil Dhún Dealgan	Na Riascaigh Uachtarach, Muirtheimhne Mór, Dún Dealgan, Co. Lú
Scoil Raiftéirí	Faiche an Aonaigh, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo
Gaelscoil Uileogh de Búrca	Lochán na mBan, Clár Chlainne Mhuiris, Co. Mhaigh Eo
Gaelscoil na Cruaiche	Sráid Altamount, Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo
Gaelscoil Bhéal an Atha	Corraí Mhuireann, Béal an Atha, Co. Mhaigh Eo
Scoil Éanna	Br Átha Troim, An Uaimh, Co. na Mí
Gaelscoil na Ríthe	Bóthar Dhroim Rí, Domhnach Seachnaill, Co. na Mí
Gaelscoil na Bóinne	Bóthar Átha Cliath, Baile Átha Troim, Co. na Mí
Scoil Rois	An Phrómhshráid, Carraig Mhachaire Rois, Co. Mhuineacháin
Gaelscoil Ultain	An Cnoc, Muineacháin
Gaelscoil Eois	Eanach Cille, Lios Darach, Co. Mhuineacháin
Gaelscoil an Eiscir Riada	Cluain Calga, An Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí
Gaelscoil Chnoc an Ré	f/ch CLG Naomh Mhuire, Baile Uí Dhúgáin, Sligeach
Gaelscoil Aonach Urmhumhan	Bóthar Naomh Chonláin, Gort Lán Rua, An tAonach, Co. Th. Árann
Gaelscoil Durlas Eile	Durlas, Co Thiobraid Árann
Gaelscoil Chluain Meala	Baile Gaelach, Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann
Gaelscoil Thiobraid Árann	Cnoc an Ráiléigh, Baile Thiobraid Árann, Co. Thiobraid Árann
Gaelscoil Charraig na Siúire	Bóthar Cúl na Muc, Carraig na Siúire, Co. Thiobraid Árann
Gaelscoil Phort Láirge	Baile Mhíic Gunear, Port Láirge
Gaelscoil na nDéise	Bóthar Grásta Dé, Port Láirge
Gaelscoil Philib Barún	Cruabhailte Uachtarach, An Trá Mhór, Co. Phort Láirge
Scoil na gCeithre Máistrí	Díseart Mhuire, Br. na Díthréibhe, Áth Luain, Co. na hIarmhí
Gaelscoil Loch Garman	Uisce an Easpaig, Loch Garman
Gaelscoil Mhoshíológ	Cluain Aitinn Íochtar, Guaire, Loch Garman
Gaelscoil Uí Chéadaigh	4 Bóthar Vevay, Bré, Co. Chill Mhantáin
Gaelscoil Chill Mhantáin	An Casadh Meidhreach, Baile Chill Mhantáin, Co. Chill Mhantáin
Gaelscoil an Inbhir Mhóir	Bóthar Amoclew, An tInbhear Mór, Co. Chill Mhantáin

## Tagairtí

An tAcht Oideachais 1998 (1998)  
<http://www.acts.ie/ga.act.1998.0051.1.html>

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (2003)  
<http://www.achtanna.ie/ga.act.2003.0032.1.html>

**An Roinn Oideachais agus Eolaíochta.** (2002) *Preparing Teachers for the 21st Century*.  
 Baile Átha Cliath. Oifig an tSoláthair.

**Mac Donncha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghdha, A., Ní Mhainín, T.** (2005) *Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta 2004*, Tuarascáil don Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

**An Roinn Oideachais agus Eolaíochta.** (1999) *Curaclam na Bunscoile*. Baile Átha Cliath. Oifig an tSoláthair.

**Harris, J. agus Murtagh, L.** (1999) *Teaching and learning Irish in primary school: A review of research and development*. Tuairisc Taighde 25. Dublin: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.

**Harris, J.** (2005) The role of ordinary primary schools in the maintenance and revival of Irish. In J. Cohen, K. McAlister, K. Rolstad and J. MacSwan (Eds.) *ISB4: Proceedings of the 4th International Symposium on Bilingualism*. Somerville, MA: Cascadilla Press.

**Harris, J.** (2006) *An Ghaeilge sna bunscoileanna: Treochtaí náisiúnta fadtéarmacha in inniúlacht*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

**Coady, M. & O Laoire, M.** (2002) Mismatches in the policy and practice: The Case of Gaelscoileanna in the Republic of Ireland. *Language Policy: An International Journal*, 1

Láithreáin Ghréasáin:

[www.education.ie](http://www.education.ie)

[www.gaelscoileanna.ie](http://www.gaelscoileanna.ie)

[www.cogg.ie](http://www.cogg.ie)

[www.ncca.ie](http://www.ncca.ie)

[www.teachingcouncil.ie](http://www.teachingcouncil.ie)

## Summary

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta commissioned this research to establish the validity or otherwise of emerging issues relating to the supply of teachers for all-Irish medium primary schools.

This study complements the more extensive research commissioned by COGG in 2004 **Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta 2004**. Some of the conclusions emerging from that report indicated a shortfall in teachers for Gaeltacht schools, a shortfall in the number of teachers who have an appropriate level of Irish and sufficient training in the needs of Irish-medium/Gaeltacht needs to teach effectively in the Gaeltacht.

At present, one in every 13 primary pupils – 33,264 in total – is being educated through Irish. There are 143 schools in Gaeltacht areas with an average of only 67 pupils. But the biggest growth, and most significant change over two decades, has been in the Gaelscoileanna outside the Gaeltacht, where the average enrolment in the 126 primary schools is 181 pupils. Schools have indicated that they continue to have difficulty securing qualified teachers who have an interest and/or an ability to teach through the medium of Irish.

Of the 125 schools which received questionnaires, the replies from the 106 Gaelscoileanna in this study reveal that:

70 % of principals indicated difficulty in finding and appointing teachers;

Half of the 18 principal posts advertised in the last three years were not filled on the first attempt and had to be re-advertised;


A third of principals expressed their concern about the standard of spoken Irish of some teachers in the school while 57% expressed concern about standards of written Irish;

Most principals indicated that they reluctantly had to proceed with appointments when they were aware that the standard of Irish of the teacher was not good.


It was also found that most teachers working in Gaelscoileanna do not have Irish as their first language, are not from the Gaeltacht, and have themselves not been taught through the medium of Irish.



The research recommends that strategic planning is required for Gaelscoileanna to ensure that a minimum number of teacher educators are in training to provide for current, and developing, teacher supply requirements in Gaelscoileanna. There should also be specific targeting of the post-graduate programmes where substantial numbers of these students have already completed a degree in Irish. Consideration should be given to introducing a Diploma in Primary Teaching and Gaelscolaíocht as an alternative for some of these students. It further recommends that to improve the pre-service and in-service training of teachers in Irish that there should be: the provision of short intensive courses in written and spoken Irish targeting



teachers already employed in Gaelscoileanna who wish to improve their levels of Irish; and further professional development opportunities for teachers already in Gaelscoileanna eg. a Diploma in Gaelscolaíocht. There is also a need for an outline plan of a teacher education programme through Irish designed to meet the needs of the Gaeltacht / Gaelscoil sector. Networks such as IPPN (Irish Primary Principals' Network) and LDS (Leadership Development in Schools) should be included in a strategic planning approach to seek a way forward that provides appropriately for the ongoing professional development needs of principals in Gaelscoileanna. It also recommends that priority be given to seeking from Department of Education and Science and the Colleges of Education flexibility within teacher education programmes that encourages students in colleges of education to spend a specific period of their course time (eg six months, one year) in the Gaeltacht. And the final recommendation is that a process should begin with the Department of Education and Science and other relevant parties to look at the possibilities of "converting" current schools, with the necessary support, to part-Gaelscoileanna rather than continuing with the development of new Gaelscoileanna.
















[www.cogg.ie](http://www.cogg.ie)

An Chomhairle um Oideachas  
Gaeltachta & Gaelscolaíochta

